Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 15 Samhain 2023**
**(OR. en)**

**15481/23**

**POLCOM 274**

**NÓTA CLÚDAIGH**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir |
| dáta a fuarthas: | 15 Samhain 2023 |
| chuig: | Thérèse BLANCHET, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | COM(2023) 740 final |
| Ábhar: | TUARASCÁIL ÓN gCOIMISIÚN CHUIG PARLAIMINT NA hEORPA, CHUIG AN gCOMHAIRLE, CHUIG COISTE EACNAMAÍOCH AGUS SÓISIALTA NA hEORPA AGUS CHUIG COISTE NA RÉIGIÚN<br>maidir le Cur Chun Feidhme agus Forfheidhmiú Bheartas Trádála an Aontais |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad COM(2023) 740 final.

---

Faoi iamh: COM(2023) 740 final

AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 15.11.2023
COM(2023) 740 final

# TUARASCÁIL ÓN gCOIMISIÚN CHUIG PARLAIMINT NA hEORPA, CHUIG AN gCOMHAIRLE, CHUIG COISTE EACNAMAÍOCH AGUS SÓISIALTA NA hEORPA AGUS CHUIG COISTE NA RÉIGIÚN

**maidir le Cur Chun Feidhme agus Forfheidhmiú Bheartas Trádála an Aontais**

{SWD(2023) 740 final}

# CLÁR

**I. Réamhrá** ... 2

**I.1 Achoimre feidhmiúcháin** ... 2

**I.2 Raon feidhme na tuarascála seo** ... 9

**II. Lánúsáid a bhaint as na deiseanna a chuireann comhaontuithe trádála an Aontais ar fáil** 11

**II.1 Trádáil le comhpháirtithe fabhracha – na príomhfhorbairtí in 2022** ... 11

**II.2 Cur chun feidhme chomhaontuithe trádála an Aontais a thabhairt chun cinn san Áise, i gCríocha Mheiriceá, sa Chomharsanacht agus i dtíortha san Afraic, i Muir Chairib agus san Aigéan Ciúin** ... 18

**III. Cuidiú le fiontair bheaga agus mheánmhéide a n- áit a aimsiú sa trádáil dhomhanda** ... 32

**IV. Aghaidh a thabhairt ar bhacainní agus réitigh a aimsiú** ... 37

**IV.1 Staid na himeartha agus deireadh a chur le bacainní trádála** ... 37

**IV.2 An Pointe Iontrála Aonair** ... 47

**V. Forfheidhmiú déthaobhach agus iltaobhach na ngealltanas trádála: díospóidí a réiteach** 50

**V.1 Réiteach díospóidí a úsáid** ... 51

# I. Réamhrá

## I.1 Achoimre feidhmiúcháin

Le **líonra an Aontais de 42 chomhaontú um thrádáil fhabhrach,** osclaítear margaí agus deiseanna do ghnó an Aontais, go háirithe na 670 000 fiontar beag agus meánmhéide (FBManna) a onnmhairíonn táirge lasmuigh den Aontas, chun trádáil agus infheistíocht a dhéanamh faoi dhálaí tráchtála níos intuartha agus níos trédhearcaí. Leis na comhaontuithe, nasctar an Eoraip le poil fáis lasmuigh den Aontas áit a bhfuil coinne leis go dtiocfaidh 85 % den fhás in 2024. Is é atá i gceist le **trádáil earraí an Aontais lena 74 chomhpháirtí fhabhracha**[1], 44 % de thrádáil sheachtrach an Aontais (EUR 2 434 bhilliún in 2022, méadú ó EUR 1 891 bhilliún an bhliain roimhe). Shroich trádáil i seirbhísí an Aontais le comhpháirtithe fabhracha EUR 901 bhilliún in 2021, méid a raibh 46 % de thrádáil uile an Aontais i seirbhísí (EUR 2 012 bhilliún) i gceist leis.

**Tá tionchar dearfach fadtéarmach ag comhaontuithe trádála de chuid an Aontais**: le deich mbliana anuas chuidigh siad leis an mbloc sciar réasúnta cobhsaí 16 %-17 % den trádáil dhomhanda in earraí agus seirbhísí a choinneáil ar bun. Is é an tAontas an bloc trádála is mó i gcónaí, d'ainneoin geilleagar domhanda atá ag athrú agus dul chun cinn na Síne, agus tá líonra comhaontuithe is mó ná riamh ann nach bhfuil aithris déanta orthu ag geilleagair fhorbartha eile. Tá an difríocht a fhéadfaidh comhaontuithe trádála a dhéanamh le feiceáil i samplaí ón **gCian- Oirthear** agus **Meiriceá Laidineach**.

- Cé go raibh an tAontas in ann a sciar in allmhairí ón *gCóiré Theas* a mhéadú mar thoradh ar a gcomhaontuithe trádála, lean an tSeapáin ag trádáil faoi choinníollacha na hEagraíochta Domhanda Trádála agus tháinig laghdú 8 % ar an trádáil a rinne sí leis an gCóiré Theas le deich mbliana anuas.

- I *Meiriceá Laidineach*, d'fhan sciar an Aontais d'allmhairí a gcomhpháirtithe fabhracha réasúnta cobhsaí (thart ar 11 %) idir 1994 agus 2021. Níorbh amhlaidh an cás do chomhpháirtithe neamhfhabhracha, ar thit sciar an Aontais d'allmhairí uathu ó 35 % go 20 %.

[1] Is mó comhpháirtithe ná comhaontuithe atá ann, de bharr gur le roinnt tíortha éagsúla iad roinnt mhaith díobh e.g. Comhaontuithe Comhpháirtíochta Eacnamaíche an Aontais (CCEnna) le comhpháirtithe san Afraic, sa Mhuir Chairib agus san Aigéan Ciúin, nó an comhaontú trádála le Meiriceá Láir; féach freisin Doiciméad Inmheánach Oibre de chuid an Choimisiúin - Bileoga faisnéise aonair maidir le Comhaontuithe Trádála an Aontais a chur chun feidhme — ***SWD(2023) 740***; https://circabc.europa.eu/ui/group/7fc51410-46a1-4871-8979-20cce8df0896/library/e0e79f42-9797-4d5d-a5c3-f00eb26b8676/details

Roinnt de na **comhaontuithe trádála is déanaí de chuid an Aontais**, amhail iad sin leis an gCóiré Theas, le Ceanada agus le Vítneam, tá siad ag tacú le fás ar onnmhairí ón Aontas, agus tháinig fás mór ar roinnt de na hearnálacha is rathúla le linn a saolré:

- ✓ Tá fás 6 % in aghaidh na bliana ar an meán tagtha ar onnmhairiú earraí an Aontais chuig *an gCóiré Theas* ó 2012 agus tá fás 217 % tagtha ar onnmhairiú gluaisteán agus páirteanna i gcaitheamh na tréimhse ina hiomláine;
- ✓ Tá fás 7,7 % in aghaidh na bliana ar an meán tagtha ar onnmhairiú earraí an Aontais go *Ceanada* ó 2018 agus tá fás 54 % tagtha ar onnmhairiú táirgí déiríochta i gcaitheamh na tréimhse ina hiomláine;
- ✓ Tá fás 20 % in aghaidh na bliana ar an meán tagtha ar onnmhairiú earraí an Aontais go *Vítneam* ó 2020 agus tá fás 152 % tagtha ar onnmhairiú táirgí íocshláinte i gcaitheamh na tréimhse ina hiomláine.

In 2022, tháinig **fás níos tapúla** i.e. 21,2 % nó EUR 366 bhilliún, ar **thrádáil idir an tAontas agus a chomhpháirtithe fabhracha** (*gan trádáil i dtáirgí fuinnimh san áireamh*), ná mar a tháinig ar thrádáil an Aontais le comhpháirtithe fabhracha nach raibh comhaontú leo i gceist, is é sin 18,9 %. Tháinig fás beagnach 30 % ar an meán ar an trádáil iomlán leis na 20 comhpháirtí fabhrach is mó a ndéanann an tAontas trádáil leo in 2022, d'ainneoin na ndúshlán eacnamaíoch agus geopholaitiúil a bhí ann. Tá comhaontuithe um thrádáil fhabhrach ag cuidiú le gnólachtaí an Aontas rochtain a fháil ar mhargaí eachtracha.

An tráth céanna, cuidíonn comhaontuithe trádála an Aontais le **honnmhairí an Aontais bheith níos seasmhaí** in aghaidh suaití geopholaitiúla (amhail cogadh foghach na Rúise gan chúis gan údar in aghaidh na hÚcráine agus an cinneadh a rinneadh dá thoradh sin chun deireadh a chur le spleáchais an Aontais ar an Rúis) trí chuidiú le gnólachtaí éagsúlú agus margaí nua a aimsiú. Idir 2021 agus 2022, tháinig laghdú EUR 27 mbilliún ar onnmhairiú earraí a bhfuil smachtbhannaí orthu ón Aontas chuig an Rúis, agus tháinig méadú EUR 174 bhilliún an tráth céanna ar onnmhairiú na n- earraí céanna ón Aontas go dtí comhpháirtithe fabhracha. Sampla coincréiteach is ea an earnáil meaisíní agus fearas meicniúil, inar tháinig laghdú 53 % nó EUR 14 billiún ar onnmhairí ón Aontas chuig an Rúis in 2022. Iompraíodh caillteanas an mhargaidh ag méadú ar onnmhairí ón Aontas go comhpháirtithe fabhracha (15 % nó EUR 34 bhilliún), go háirithe go Meicsiceo (+32 %), go dtí an Tuirc (+27 %) agus go Ceanada (+28 %). Le comhaontuithe trádála, laghdaítear ró- spleáchais ar aon cheann scríbe amháin maidir le táirgí straitéiseacha agus criticiúla.

Ina theannta sin, **tá ról tábhachtach ag comhaontuithe trádála an Aontais maidir le honnmhairí freisin,** trí rochtain iontaofa a sholáthar ar ionchuir a dteastaíonn ón Aontas dá fhás eacnamaíoch. Trí ghealltanais trí chaibidlíocht agus comhpháirtíochtaí a fhorbraítear le tíortha tionscnaimh a chur chun feidhme, cuidítear le **slabhraí soláthair a dhaingniú** agus **foinsí allmhairí a éagsúlú,** agus spleáchais fhoriomlána an Aontais ar thríú tíortha a laghdú dá bharr sin, mar is amhlaidh i gcás amhábhair chriticiúla agus táirgí fuinnimh. Mar shampla, tháinig méadú 25 % ar allmhairí an Aontais ó Cheanada le bliain anuas, arna éascú ag an gComhaontú Cuimsitheach Eacnamaíoch agus Trádála (**CETA**) leis an tír sin, lenar

cumhdaíodh amhábhair agus táirgí fuinnimh, den chuid is mó, rud a chuidigh leis an Aontas éagsúlú amach ó thrádáil leis an Rúis. Tháinig méadú 56 %[2] ar an meán ar allmhairí an Aontais d'amhábhair chriticiúla don aistriú glas agus do tháirgeadh san Eoraip, i gcomparáid le fás 25 % ar na hábhair sin ó áiteanna lasmuigh den Aontas Eorpach. Tháinig méadú beagnach faoi dhó ar allmhairí olaí peitriliam (HS 27) chuig an Aontas ó Cheanada, ó EUR 2,0 billiún in 2021 go dtí EUR 3,8 billiún in 2022.

Braitheann éifeachtacht chomhaontuithe trádála an Aontais go mór ar an **gcur chun feidhme agus an forfheidhmiú** a dhéantar ina leith, agus ar a áirithiú go n- urramaíonn comhpháirtithe trádála na gealltanais iontu. Is tosaíocht fós é bacainní nua ar thrádáil agus infheistíocht a chosc agus bacainní atá ann cheana a bhaint.

Maidir leis sin, is fíor-riachtanach é na fadhbanna a bhíonn ag páirtithe leasmhara i margaí tríú tír **a shainaithint go luath**. Mar thoradh ar chruthú an **Phointe Iontrála Aonair**[3] in 2020, cuidítear le gnólachtaí bacainní (líomhainte) ar rochtain ar an margadh nó sáruithe ar ghealltanais um thrádáil agus forbairt inbhuanaithe a thuairisciú don Choimisiún. Cuidíonn sin leis an gCoimisiún measúnú a dhéanamh ar na tíortha comhpháirtíochta faoi seach agus bearta leantacha a dhéanamh leo, i gcás ina bhfuil údar leis sin. Páirtithe leasmhara an Aontais a thuairiscíonn bacainn (líomhainte) ar rochtain ar an margadh i margadh tríú tír, nó sárú ar rialacha inbhuanaitheachta a bhaineann le Trádáil agus Forbairt Inbhuanaithe nó leis an gCóras Ginearálaithe um Fhabhair, tairbhíonn siad d'**ionad ilfhreastail**. Ó seoladh é sin i mí na Samhna 2020, rinneadh breis agus 90 gearán seachtrach, ar bhain níos mó ná 30 díobh le bacainní trádála nua, atá cláraithe ó shin agus a foilsíodh ar Access2Markets[4] agus a bhfuil bearta leantacha á ndéanamh ina leith ag an gCoimisiún leis na tíortha comhpháirtíochta lena mbaineann. Bhain dhá ghearán le sáruithe líomhna ithe ar fhorálacha maidir le trádáil agus forbairt inbhuanaithe, agus thug an Coimisiún a threoraíocht cothrom le dáta maidir le trédhearcacht agus intuarthacht do pháirtithe leasmhara a mhéadú, agus é ag leagan amach na n-amlínte sonracha lena n- oibríonn sé – suas le 120 lá – chun measúnú tosaigh a dhéanamh agus chun céimeanna iomchuí a shainaithint agus a shaothrú, agus tugtar tuilleadh soiléirithe faoi cé atá inn ann gearán a dhéanamh.

Agus é **ag dul i ngleic le bacainní ar thrádáil**, braitheann an Coimisiún ar rannpháirtíocht leanúnach le comhpháirtithe trádála **laistigh de na struchtúir** (e.g. coistí agus meithleacha) a bunaíodh faoi chomhaontuithe trádála déthaobhacha idir an tAontas agus an Eagraíocht Dhomhanda Trádála. Sampla de chur in úsáid struchtúr déthaobhach a tharla le déanaí ab ea deireadh a chur le bacainní ar allmhairiú **tháirgí íocshláinte an Aontais go Vítneam** in 2022, arbh fhiú EUR 1,5 billiún in aghaidh na bliana iad, rud a baineadh amach i ndlúthchomhar leis na Ballstáit agus le tionscal an Aontais. Chuir sé sin leis an rannpháirtíocht dhéthaobhach sna coistí ábhartha a cuireadh ar bun leis an gcomhaontú trádála idir an tAontas agus Vítneam. Sampla de *bhacainní a chosc* trí *struchtúir na hEagraíochta Domhanda Trádála* a chur in úsáid a tharla le déanaí ab ea an coigeartú a rinne an Éigipt – i ndiaidh cainteanna le

[2] Agus comparáid á déanamh idir allmhairí roimh CETA (2016) agus iar- CETA (2022).
[3] https://trade.ec.europa.eu/access-to-markets/en/content/single-entry-point-0.
[4] https://trade.ec.europa.eu/access-to-markets/ga/barriers

comhlachais tionscail an Aontais agus ag an gCoiste um Bacainní Teicniúla ar an Trádáil (TBT) – ar rialacha a bhí beartaithe le haghaidh cosmaidí lena gcruthófaí castachtaí nach raibh gá leo do chuideachtaí an Aontais ó thaobh teacht isteach i margadh na hÉigipte.

Cé go gcuireann rannpháirtíocht dhéthaobhach leis na comhpháirtithe deireadh leis an gcuid is mó d'fhadhbanna, thionscain an tAontas gníomhartha **forfheidhmiúcháin dhlíthiúil** in 2022 i gcásanna nár eascair torthaí sásúla as iarrachtaí eile. Is leor na chéad chéimeanna i dtreo réiteach díospóidí na hEagraíochta Domhanda Trádála a ghlacadh, uaireanta, chun páirtithe a dhíriú ar réiteach a bheidh chun sástacht a chéile. B'amhlaidh an cás maidir leis an díospóid dhlíthiúil a sheol an tAontas Eorpach go luath in 2022 in aghaidh na Ríochta Aontaithe, lena ndearnadh agóid in aghaidh **scéim idirdhealaitheach fóirdheontais intíre le haghaidh fuinneamh gaoithe** na Ríochta Aontaithe. Bhí critéar ábhair áitiúil sa scéim inar tugadh tosaíocht do tháirgí de thionscnamh na Ríochta Aontaithe seachas táirgí allmhairithe agus dá bharr sin a thug dreasacht do ghnólachtaí an Aontais agus na Ríochta Aontaithe foinsiú nó infheistiú áitiúil a dhéanamh. Tháinig na páirtithe ar chomhaontú lenar réitíodh an díospóid 4 mhí tar éis don Aontas comhairliúcháin a iarraidh ag an Eagraíocht Dhomhanda Trádála, rud a thug cothroime iomaíochta do sholáthróirí an Aontais.

Ag an **Eagraíocht Dhomhanda Trádála**, seachas an díospóid thuasluaite leis an Ríocht Aontaithe, **sheol an tAontas** trí **dhíospóid EDT** eile, dhá cheann in aghaidh *na Síne*, a bhain le cleachtais trádála idirdhealaitheacha le haghaidh earraí agus seirbhísí as an Liotuáin agus bearta a rinne difear do chosaint agus forfheidhmiú ceart maoine intleachtúla (CMI), faoi seach, agus ceann in aghaidh *na hÉigipte*. Sa chás deiridh sin, rinneadh dul chun cinn páirteach nuair a thug *an Éigipt* gealltanas feabhas a chur ar an bpróiseas clárúcháin allmhairí. Tá an Coimisiún ag déanamh faireacháin ar chúrsaí faoi láthair. Ina theannta sin, **bhí an bua ag an Aontas i gceithre dhíospóid EDT leanúnacha**: bua mór don Aontas a bhí sna dámhachtainí ceangailteacha agus críochnaitheacha sna cásanna *An Tuirc– cógaisíocht* agus *an Cholóim – sceallóga reoite* . Tá an Coimisiún ag déanamh faireacháin ar chomhlíontacht na bpáirtithe nár éirigh leo maidir le rialuithe an phainéil. Maidir leis *an India - táirgí TFC* agus *an Indinéis – srianta ar onnmhairiú mhian nicile,* bhí an bua ag an Aontas, rud a thug ar an Indinéis achomharc a dhéanamh in aghaidh thuarascáil an phainéil chuig Buanchomhlacht Achomhairc neamh- fheidhmiúil na hEagraíochta Domhanda Trádála (cur chuige ar a dtugtar 'achomharc san fholús'). Leasaíodh Rialachán Forfheidhmithe an Aontais ag tús 2022 chun aghaidh a thabhairt ar chás den chineál sin go sonrach. Cuireann sé ar a chumas don Aontas anois oibleagáidí idirnáisiúnta a fhorfheidhmiú ar oibleagáidí iad a chomhaontaigh comhaltaí eile na hEagraíochta Domhanda Trádála leo, amhail an Indinéis agus an India, i gcás ina gcuirtear bac ar dhíospóid trádála d'ainneoin iarrachtaí an Aontais nósanna imeachta um réiteach díospóidí a leanúint de mheon macánta.

In 2022, bhí an bua ag an Aontas freisin ina **dhíospóid dhéthaobhach** in aghaidh *Aontas Custaim Dheisceart na hAfraice* maidir le srianta ar onnmhairí éanlaithe reoite, agus rinne sé dul chun cinn ar réiteach gnéithe áirithe a ardaíodh ina dhíospóid dhéthaobhach in aghaidh *na hAilgéire* maidir le srianta ar allmhairiú.

Chun breithniú agus réiteach díospóidí ag EDT a choinneáil ar bun fad atá Buanchomhlacht Achomhairc EDT neamh- fheidhmiúil, d'éirigh leis an Aontas rannpháirtíocht chomhaltaí EDT sa **Chomhshocrú maidir le hEadráin Eatramhach Achomhairc** (MPIA), a cuireadh ar bun mar réiteach eatramhach go dtí go mbeidh Buanchomhlacht Achomhairc EDT feidhmiúil arís, a chur chun cinn. An tSeapáin an rannpháirtí is déanaí a tháinig chun bheith ina comhalta i mí an Mhárta 2023 agus tá na hOileáin Fhilipíneacha i mbun an phróisis chun bheith ina gcomhalta freisin. Tástáladh an ionstraim den chéad uair sa réiteach thuasluaite sin in aghaidh *na Colóime* maidir le dleachtanna cosanta trádála a chur ar sceallóga reoite ón mBeilg, ón Ísiltír agus ón nGearmáin.

Tá toradh a saothair feicthe ag an Aontas as a iarrachtaí dul i ngleic le bacainní ar rochtain ar an margadh i dtíortha comhpháirtíochta: in 2022, bhí luach EUR 7 mbilliún níos airde ar onnmhairí an Aontais chuig tríú tíortha a bhuí le hobair chun deireadh a chur le bacainní idir 2017 agus 2021. D'éirigh leis an gCoimisiún deireadh a chur le **31 bhacainn trádála in 19 dtír chomhpháirtíochta** ar fud an domhain, le tacaíocht ó Bhallstáit agus páirtithe leasmhara.

Lean an Coimisiún air ag cur gnólachtaí ar an eolas faoi na buntáistí a bhaineann le comhaontuithe trádála agus conas iad a úsáid, ag díriú go háirithe ar FBManna. Mheall an t- ardán **Access2Markets** os cionn 5 mhilliún cuairteoir uathúil ó seoladh é i mí Dheireadh Fómhair 2020. Tá 70 % de na húsáideoirí lonnaithe san Aontas. D'fhorbair Access2Markets ina ardán níos leithne ina bhfuil roinnt uirlisí trádála - i dteannta faisnéis faoi earraí a allmhairiú agus a onnmhairiú, tá an uirlis nua 'cúntóir trádála' aige atá tiomnaithe do sheirbhísí agus infheistíocht do Cheanada agus don Ríocht Aontaithe. Ceadaíodh an uirlis 9 000 uaire ó seoladh í.

Oibríonn an Coimisiún i ndlúth- chomhpháirtíocht le **hinstitiúidí eile an Aontais** chun feasacht a ardú faoi chomhaontuithe trádála agus na bearta a dhéantar chun tacú lena gcur chun feidhme agus lena bhforfheidhmiú. Anuas ar sheisiúin faisnéise tráthrialta a thabhairt do **Pharlaimint na hEorpa** maidir le gnéithe éagsúla d'fhorfheidhmiú agus de chur chun feidhme (amhail an obair idir an Coimisiún agus Toscaireachtaí an Aontais i dtríú tíortha nó conclúidí ón athbhreithniú TFI a lánpháirtiú i gcomhaontuithe cur chun feidhme atá ann cheana), tá céimeanna glactha ag roinnt Feisirí Eorpacha chun obair um rochtain ar an margadh a chur chun cinn ina dtíortha baile. Thairis sin, mhéadaigh an Coimisiún gníomhaíocht chomhbheartaithe **le Ballstáit** chun páirtithe leasmhara ar an láthair a shroicheadh, san Aontas agus i dtíortha comhpháirtíochta (trí Thoscaireachtaí an Aontais a nascadh níos dlúithe le hambasáidí na mBallstát). Mar a thaispeánfar sa tuarascáil seo, i gcás comh- iarrachtaí idir an Coimisiún, Toscaireachtaí an Aontais, an Pharlaimint agus Ballstáit ní amháin go gcuireann na comh-iarrachtaí sin feabhas ar an seans go mbainfear bacainní ar rochtain ar an margadh, ach cuireann siad bac ar chinn nua teacht chun cinn freisin. Chuidigh na comh- iarrachtaí sin le níos mó páirtithe leasmhara a shroicheadh (go háirithe FBManna) agus iad a chur ar an eolas faoi na deiseanna a thugtar le comhaontuithe trádála an Aontais. Baineann deiseanna den sórt sin le honnmhairí agus allmhairí ar ráta dleachta nialasach agus le rochtain fhabhrach ar earnálacha nach mbeadh rochtain orthu seachas sin, agus oscailt seirbhísí agus margaí soláthair phoiblí. Reáchtáladh imeachtaí comhpháirteacha dar teideal **Lá**

**um Rochtain ar an Margadh** in 2022 agus sa chéad leath de 2023 san Ungáir, sa Laitvia, sa tSualainn, sa Fhrainc, sa Chróit, sa tSeicia agus san Iodáil.

I mí an Mheithimh 2022, thug an Coimisiún a **athbhreithniú ar Thrádáil agus Forbairt Inbhuanaithe (TFI)**[5] chun críche, ina neartaítear cur chun feidhme agus forfheidhmiú fhorálacha TFI in 11 chomhaontú trádála de chuid an Aontais le 18 dtír chomhpháirtíochta a bhfuil craobh TFI acu. Sa Teachtaireacht TFI, sainaithnítear tosaíochtaí beartais agus príomhphointí gníomhaíochta chun tuilleadh feabhais a chur ar éifeachtacht an chur chuige reatha ar TFI, atá bunaithe ar rannpháirtíocht, agus atá fothaithe sa chreat agus sna caighdeáin idirnáisiúnta, trí chur chun feidhme agus forfheidhmiú níos láidre. Go háirithe, áirítear sa chur chuige nua úsáid smachtbhannaí trádála i gcás sáruithe ar fhorálacha lárnacha TFI. Cuirfear i bhfeidhm é maidir le caibidlíocht a bheidh ann amach anseo agus maidir le caibidlíocht leanúnach de réir mar is iomchuí.

I **Meiriceá Laidineach**, mar shampla, a bhuí den chur chuige nua sin, in éineacht le sraith misean chuig na tíortha comhpháirtíochta agus réigiúin chomhpháirtíochta, rinneadh rannpháirtíocht níos doimhne agus níos dírí leis na comhpháirtithe lena mbaineann agus d'athbhreithnigh an Cholóim agus Peiriú a gcóid shaothair faoi seach dá bharr.

I gcaitheamh na tréimhse tuairiscithe, i measc cinn eile, daingníodh **príomh- choinbhinsiúin na hEagraíochta Idirnáisiúnta Saothair (EIS)** agus tháinig siad i bhfeidhm sa **tSeapáin** maidir le Saothar Éigeantach a Chur ar Ceal, (Uimh. 105) agus sa **Chóiré Theas** (maidir le Saoirse Comhlachais agus Cosaint an Chirt Eagrúcháin (Uimh. 87), maidir leis an gCeart Eagrúcháin agus leis an gCómhargáil (Uimh. 98) agus maidir le Saothar Éigeantach (Uimh. 29).

Trí ghealltanais TFI a chur chun feidhme rinneadh ailíniú breise ar **reachtaíocht intíre** i dtíortha comhpháirtíochta a bhfuil noirm idirnáisiúnta acu. Anseo, spreag obair an Aontais le **Vítneam athchóiriú leanúnach níos leithne ar an gCód Saothair** chun bunú ceardchumann neamhspleách a chumasú, agus chuidigh obair an Aontais leis **an tSeapáin** chun treoirlínte na Seapáine maidir le dícheall cuí um chearta an duine a mhúnlú, go háirithe méadú a chur ar an méid a dhéanann cuideachtaí na Seapáine foinsiú go freagrach agus i gcomhréir le caighdeáin idirnáisiúnta.

Lean **Grúpaí Comhairleach Baile (DAGanna)** a bunaíodh faoi na comhaontuithe trádála níos déanaí de chuid an Aontais de chomhairle a chur ar an gCoimisiún maidir le cásanna ar an láthair i dtíortha comhpháirtíochta. Chuir sé sin ar a chumas don Choimisiún *inter alia* srianta *Eacuadór* a chuireann isteach ar obair na gceardchumann san earnáil bananaí a shainaithint agus bearta leantacha a dhéanamh ina leith. I gcás *na Cóiré Theas*, tharraing DAG aird an Choimisiúin ar idirdhealú líomhainte sa Chóiré Theas in aghaidh oibrithe seachadta. Tharraing an Coimisiún an tsaincheist sin anuas leis an gCóiré Theas ansin i gcomhthéacs chur chun feidhme thuarascáil an phainéil saineolaithe ina dhíospóid dhéthaobhach maidir le saothar.

[5] https://eur-lex.europa.eu/legal-content/EN/TXT/?uri=CELEX%3A52022DC0409

I gcaitheamh na tréimhse tuairiscithe, lean DAGanna d'ionchur a sholáthar mar bhonn eolais don obair cur chun feidhme trí **staidéir deisce**, taighde a dhéanamh ar shaincheisteanna cóirthrádála i réigiún na nAindéas agus cosaint institiúideach ar obair ardáin sa Chóiré Theas.

Thug an Coimisiún a réamhanailís chun críche ar **an gcéad ghearán foirmiúil maidir le trádáil agus forbairt inbhuanaithe** a fuair an **Pointe Iontrála Aonair**. Chomhdaigh an ENR ón Ísiltír, CNV Internationaal an gearán thar ceann eagraíochtaí ceardchumainn sa Cholóim agus i bPeiriú. Baineann an gearán le cearta saothair san earnáil mianadóireachta i bPeiriú agus sa Cholóim.

Mar is amhlaidh maidir le rochtain ar an margadh, coinníonn an Coimisiún idirphlé torthúil ar bun, ó thaobh cur chun feidhme agus forfheidhmiú *gealltanais inbhuanaitheachta*, le hinstitiúidí an Aontais agus leis na Ballstáit. I mí Dheireadh Fómhair 2022 ghlac Parlaimint na hEorpa le Rún 6 maidir leis an athbhreithniú ar TFI, ina gcuirtear fáilte roimh an Teachtaireacht ón gCoimisiún agus ina dtugann sí dá haire rún an Choimisiúin maidir leis na caibidlí faoi TFI i gcomhaontuithe trádála an Aontais a neartú. Tá an Coimisiún ag méadú a chuid rannpháirtíochta lena Shainghrúpa TFI leis na Ballstáit.

Lean an Coimisiún, ar leibhéal sinsearach, dá rannpháirtíocht leis an **gCoiste Eacnamaíoch agus Sóisialta**, go háirithe i bhfianaise ról an choiste in dáil le tacú le DAGanna. Bhí 130 rannpháirtí ó 11 DAG de chuid an Aontais ag an tríú cruinniú DAG uile-Aontais an 17 Aibreán 2023.

Ar deireadh, ach chomh tábhachtach céanna, rinneadh forbairtí tábhachtacha maidir le huirlis reachtach an Aontais a thabhairt chun críche. In 2022, ghlac an tAontas le **trí ionstraim féinrialaitheacha nua** a bhfuil tionchar acu ar thrádáil. Cé nach uirlisí iad, iontu féin, chun gealltanais idirbheartaithe ar thrádáil a fhorfheidhmiú, ceadaíonn siad don Aontas gníomhú ar bhealach níos éifeachtaí in aghaidh comhéigin eacnamaíoch (an ionstraim frith- chomhéigin) agus cothroime iomaíochta a áirithiú nó a chur ar bun arís (an Ionstraim Soláthair Phoiblí Idirnáisiúnta agus an Rialachán maidir le Fóirdheontais Eachtracha), chun bearna sa leabhar rialacha idirnáisiúnta a líonadh.

- An 6 Meitheamh 2023, tháinig an Pharlaimint agus an Chomhairle ar chomhaontú maidir le **hionstraim frith- chomhéigin** [7]. Leis an rialachán nua, cosnófar leasanna an Aontais agus na mBallstát i gcás comhéigean eacnamaíoch – is é sin i gcás ina gcuirfidh tríú tír brú ar an Aontas nó ar Bhallstát rogha áirithe a dhéanamh, in aon réimse inniúlachta dá chuid, trí bhearta lena ndéantar difear don trádáil nó don infheistíocht. Is cuspóir ollmhór iarbhír den rialachán é comhéigean eacnamaíoch a dhíspreagadh agus a chosc. Déantar foráil sa rialachán nua freisin

[6] Rún ó Pharlaimint na hEorpa an 6 Deireadh Fómhair 2022:https://eur-lex.europa.eu/legal-content/EN/TXT/HTML/?uri=CELEX:52022IP0354
[7] https://policy.trade.ec.europa.eu/enforcement-and-protection/protecting-against-coercion/qa-political-agreement-anti-coercion-instrument_en

don chomhar idirnáisiúnta maidir leis an gcomhéigean eacnamaíoch. Tá coinne leis go dtiocfaidh an rialachán nua i bhfeidhm sa cheathrú ráithe de 2023.

- Tháinig an Rialachán maidir leis an **Ionstraim Soláthair Phoiblí Idirnáisiúnta**[8] i bhfeidhm an 29 Lúnasa 2022 agus, i ndiaidh céim imscrúdaitheach, cuirfidh sé ar a chumas don Aontas rochtain ar mhargaí soláthair an Aontais a shrianadh i gcás soláthróirí ó thíortha nach ann do rochtain chomhchosúil ar a soláthar iontu. Tá foirm ar líne foilsithe ag an gCoimisiún ar an ardán Access2Markets a fhéadfaidh Ballstáit agus tionscal a úsáid chun gearáin a chur isteach agus, tá treoirlínte d'údaráis chonarthacha agus d'eintitis chonarthacha foilsithe aige san Iris Oifigiúil maidir leis an tslí le bearta um an Ionstraim Soláthair Phoiblí Idirnáisiúnta a chur i bhfeidhm.

- Tháinig an **Rialachán maidir le Fóirdheontais Eachtracha**[9] i bhfeidhm an 12 Iúil 2023, agus leis sin cuireadh sraith rialacha nua cuimsitheacha i bhfeidhm chun aghaidh a thabhairt ar shaofaí a chruthaítear le fóirdheontais eachtracha a dheonaítear do chuideachtaí a théann in iomaíocht sa mhargadh inmheánach nó chuireann tairiscintí isteach ar thairiscintí san earnáil phoiblí. Leis sin, dúntar bearna rialála i rialacha an Aontais maidir le hiomaíocht, soláthar poiblí agus trádáil.

## I.2 Raon feidhme na tuarascála seo

Is í seo an tríú **tuarascáil bhliantúil**[10] chomhdhlúite maidir le gníomhaíochtaí cur chun feidhme agus forfheidhmiúcháin ar mhaithe le cur chun feidhme agus forfheidhmiú a áirithiú i gcás gealltanas iltaobhach (EDT) agus gealltanas a chumhdaítear i gcomhaontuithe déthaobhacha um thrádáil fhabhrach. Soláthraítear forbhreathnú leis an tuarascáil ar na príomhghníomhaíochtaí agus na príomhrudaí a baineadh amach, faoi stiúir Phríomh-Oifigeach Forfheidhmithe Trádála (CTEO) an Choimisiúin[11] in 2022 agus sa chéad cheathrú de 2023.

Sa **Doiciméad Inmheánach Oibre a ghabhann leis an tuarascáil**[12] tá faisnéis bhreise maidir le Roinn II.2 den tuarascáil a líonadh isteach, ar roinn í a bhaineann le 39 gcomhaontú trádála déthaobhacha fabhracha mhóra de chuid an Aontais.

---

[8] https://eur-lex.europa.eu/legal-content/EN/TXT/?uri=celex%3A32022R1031

[9] https://eur-lex.europa.eu/legal-content/EN/TXT/?uri=CELEX%3A32022R2560&qid=1673254237527

[10] Foilsíodh an dara tuarascáil an 11 Deireadh Fómhair 2022 agus tá sí le fáil anseo: Clár Dhoiciméid an Choimisiúin - COM(2022)730 (europa.eu).

[11] Is féidir faisnéis faoi ról CTEO a fháil anseo:https://policy.trade.ec.europa.eu/enforcement-and-protection/chief-trade-enforcement-officer_en

[12] Doiciméad Inmheánach Oibre de chuid an Choimisiúin — Bileoga faisnéise aonair maidir le Comhaontuithe Trádála an Aontais a chur chun feidhme — ***SWD(2023) 740*** https://circabc.europa.eu/ui/group/7fc51410-46a1-4871-8979-20cce8df0896/library/e0e79f42-9797-4d5ú-a5c3-f00eb26b8676/details

Tá faisnéis ar **shuíomh gréasáin an Choimisiúin**[13] atá comhlántach leis an tuarascáil seo maidir le: (i) éabhlóid thrádáil an Aontais le comhpháirtithe fabhracha in 2022; (ii) úsáid na bhfabhar taraife de réir onnmhairí agus allmhairí an Aontais in aghaidh an chomhpháirtithe trádála fhabhraigh i gcás an Aontais agus na mBallstát araon; agus (iii) rátaí líonta taraif-chuótaí.

Cé go ndírítear leis an tuarascáil seo ar an gcur chun feidhme agus ar an bhforfheidhmiú faoi chomhaontuithe trádála an Aontais, ba cheart breathnú uirthi i gcomhthéacs níos leithne na slándála eacnamaíche agus na ngníomhaíochtaí forfheidhmiúcháin i réimsí sonracha freisin, ar a dtuairiscíonn an **Coimisiún ar leithligh**:

- úsáid **ionstraimí cosanta trádála** (frithdhumpáil, frith- fhóirdheontais agus coimircí), a chumhdaítear le tuarascálacha bliantúla an Choimisiúin maidir le cosaint trádála[14];

- faireachán agus dul i ngleic le góchumadh, píoráideacht agus sáruithe eile ar **chearta maoine intleachtúla** (CMI), a chumhdaítear sa Tuarascáil maidir le CMI[15] agus sa Liosta Faire ar Phíoráideacht[16] a fhoilsíonn an Coimisiún go débhliantúil ar bhonn sealaíochta;

- an **scagadh ar infheistíochtaí díreacha coigríche (FDI)** agus **rialú na n- onnmhairí dé- úsáide**, arb iad sin rialuithe straitéiseacha trádála agus infheistíochta an Aontais ar mhaithe leis an tslándáil (STICS), cumhdaítear iad le tuarascálacha bliantúla an Choimisiúin maidir le scagadh FDI[17] agus Rialachán maidir le Rialú Onnmhairí (AE) 2021/821[18];

- cur i bhfeidhm chóras **Scéim na bhFabhar Ginearálaithe Taraife de chuid an Aontais** (GSP)[19], a chumhdaítear le tuarascálacha GSP an Choimisiúin.

---

[13] Leathanach gréasáin an Choimisiúin/Ard-Stiúrthóireacht na Trádála um chur chun feidhme agus forfheidhmiú https://policy.trade.ec.europa.eu/enforcement-and-protection/implementing-and-enforcing-eu-trade-agreements_en

[14] An 41ú tuarascáil de chuid an Choimisiúin um chosaint trádála, arna glacadh an 6 Meán Fómhair 2023: https://eur-lex.europa.eu/legal-content/EN/TXT/?uri=CELEX%3A52023DC0506&qid=1694161661994 agus doiciméad inmheánach oibre: https://eur-lex.europa.eu/legal-content/EN/TXT/?uri=CELEX%3A52023SC0287&qid=1694161661994

[15] Foilsíodh an tuarascáil dheireanach maidir le cosaint agus forfheidhmiú ceart maoine intleachtúla (CMI) i dtríú tíortha an 17 Bealtaine 2023 agus tá sí le fáil anseo: https://policy.trade.ec.europa.eu/news/commission-releases-its-report-intellectual-property-rights-third-countries-2023-05-17_en

[16] Foilsíodh an Liosta Faire deireanach ar Ghóchumadh agus ar Phíoráideacht an 1 Nollaig 2022 agus tá sí le fáil anseo: https://policy.trade.ec.europa.eu/news/commission-publishes-latest-counterfeit-and-piracy-watch-list-2022-12-01_en

[17] An Tríú Tuarascáil Bhliantúil maidir le scagadh ar infheistíochtaí díreacha coigríche isteach san Aontas agus doiciméad inmheánach oibre an 19 Deireadh Fómhair 2023: https://ec.europa.eu/transparency/documents-register/detail?ref=COM(2023)590&lang=en

[18] Nuashonrú staitistiúil ar rialú onnmhairí dé-úsáide (2021): COMMISSION-STAFF-WORKING-DOCUMENT-Statistical-update-on-dual-use-export-control-2021-2.pdf (europeansanctions.com)

[19] An tuarascáil dheireanach maidir le cur i bhfeidhm rialachán GSP: JOIN(2023) 34


# II. Lánúsáid a bhaint as na deiseanna a chuireann comhaontuithe trádála an Aontais ar fáil

## II.1 Trádáil le comhpháirtithe fabhracha – na príomhfhorbairtí in 2022

***In 2022, tharla 44 % de thrádáil an Aontais faoi chomhaontuithe um thrádáil fhabhrach…***

Bhí luach EUR 2 434 bhilliún ar thrádáil an Aontais in earraí in 2022 leis na 74 chomhpháirtí fhabhracha dá chuid, lena gcumhdaítear 44 % dá thrádáil sheachtrach [20]. Bhí luach EUR 1 254 bhilliún ar onnmhairí an Aontais chuig comhpháirtithe fabhracha agus bhí luach EUR 1 180 billiún ar allmhairí an Aontais ó na tíortha céanna. Dá gcuirfí leis sin comhaontuithe atá á nglacadh nó á ndaingniú faoi láthair (3,6 %)[21], rachadh cion na trádála fabhraí de chuid an Aontais in airde go dtí níos mó ná 47 %.

**Fíor 1: Trádáil sheachtrach an Aontais (2022)**




*Foinse:* Eurostat, Comext (asbhaint a rinneadh i mí Aibreáin 2023).


Mar a thaispeántar le Fíor 2 thíos, is í an Ríocht Aontaithe an comhpháirtí fabhrach is mó atá ag an Aontas fós, tír lena mbaineann 22,5 % de thrádáil an Aontais leis na 74 chomhpháirtí fhabhracha, agus an Eilvéis (13,7 %), an Iorua (9,4 %), an Tuirc (8,1 %) agus an tSeapáin

[20] Leis an 44 % (slios gorm sa léaráid) áirítear Meicsiceo agus Poblacht na Sile freisin, lena gcuireann an tAontas na comhaontuithe trádála atá ann cheana i bhfeidhm, ar feitheamh dhaingniú na gcomhaontuithe nuachóirithe.

[21] Le cois na Nua- Shéalainne agus comhpháirtithe Mercosur (an Airgintín, an Bhrasaíl, Paragua agus Uragua), is iad sin: Beinin, Buircíne Fasó, an Bhurúin, Cabo Verde, an Ghaimbia, an Ghuine, Guine Bissau, Háítí, an Chéinia, an Libéir, Mailí, an Mháratáin, an Nígir, Poblacht Ruanda, an tSeineagáil, Siarra Leon, an Tansáin, Tóga agus Uganda, féach: https://policy.trade.ec.europa.eu/eu-trade-relationships-country-and-region/negotiations-and-agreements_en.

(5,8 %) dá éis sin. In éineacht le chéile, is leis na cúig chomhpháirtí sin a bhain beagnach 60 % de thrádáil fhabhrach an Aontais in 2022.

**Fíor 2: Trádáil an Aontais in earraí de réir an chomhpháirtí fhabhraigh (2022)**




*Foinse:* Eurostat, Comext (asbhaint a rinneadh i mí Aibreáin 2023).

Ag breathnú ar thrádáil an Aontais leis an gcuid eile den domhan in 2022, ba í an Ríocht Aontaithe an tríú comhpháirtí trádála foriomlán ba mhó fós, tar éis na Stát Aontaithe agus na Síne, agus bhí an Eilvéis sa cheathrú háit, agus an Rúis sa chúigiú háit. An Iorua, an Tuirc, an tSeapáin, an Chóiré Theas agus an India na tíortha sa séú háit go dtí an deichiú háit, chun tosaigh ar an Úcráin (an 15ú comhpháirtí trádála is mó ag an Aontas, ar an iomlán).


Maidir le **honnmhairí an Aontais go dtí an Rúis**, tháinig laghdú 38 % orthu idir 2021 agus 2022 i dtéarmaí luacha (síos ó EUR 89 mbilliún go dtí EUR 55 bhilliún) ach tháinig laghdú faoina leath orthu i dtéarmaí méide (síos ó 16 mhilliún go dtí 8 milliún tona). I gcaitheamh na tréimhse céanna, tháinig méadú 24 % ar allmhairí an Aontais ón Rúis, i dtéarmaí luacha, de bharr méadú mór ar phraghsanna fuinnimh, agus tháinig laghdú 33 % orthu i dtéarmaí méide

(síos ó 386 mhilliún go dtí 258 milliún tona). An tráth céanna, tháinig méadú ar allmhairí ionchur tábhachtach amhail táirgí fuinnimh agus amhábhar ó chomhpháirtithe trádála fabhracha an Aontais agus ó chomhpháirtithe trádála eile. Mar shampla, sa chéad ráithe de 2023, bhí cion na Rúise d'allmhairí táirgí fuinnimh an Aontais níos lú ná aon cheathrú de chion na hIorua, na Ríochta Aontaithe agus na Stát Aontaithe le chéile.

***Tháinig fás ar thrádáil earraí an Aontais le comhpháirtithe fabhracha a bhí níos láidre arís ná trádáil idirnáisiúnta an Aontais ar an iomlán, agus táirgí fuinnimh á gcur as an áireamh***

Mar ab amhlaidh le haghaidh na tréimhse 2020-2021, tháinig fás níos mó de réir luacha (i.e fás 21,2 %) ar an trádáil idir an tAontas agus comhpháirtithe fabhracha idir 2021 agus 2022 ná an fás ar an trádáil idir an tAontas agus comhpháirtithe neamhfhabhracha (18,9 %) agus idir an tAontas agus na comhpháirtithe trádála uile (19,9 %), agus táirgí fuinnimh á gcur as an áireamh.

**Fíor 3: Fás bliantúil ar thrádáil earraí an Aontais de réir an chineáil comhpháirtí (2021-2022), gan fuinneamh san áireamh**




*Foinse:* Eurostat, Comext (asbhaint a rinneadh i mí Aibreáin 2023).

***Is cuid mhór de sheasamh domhanda an bhloic mar phríomh- thrádálaí é trádáil agraibhia le comhpháirtithe fabhracha***

Tá an tAontas Eorpach fós ar an trádálaí táirgí agraibhia is mó ar fud an domhain, agus rinne sé luach EUR 171 bhilliún d'allmhairí agus EUR 229 mbilliún d'onnmhairí in 2022. D'ainneoin méaduithe domhanda ar phraghsanna, níor tháinig laghdú ar na méideanna táirgí agraibhia a trádáladh in 2022, go ginearálta, agus tháinig méadú orthu uaireanta. Chuir **líonra leathan comhaontuithe trádála** an Aontais leis an bhforbairt sin.

In 2022, tháinig fás 21,2 % ar **thrádáil agraibhia** an Aontais leis na 74 chomhpháirtí fhabhracha. Bhí sé sin ag an ráta céanna le trádáil earraí fhoriomlán an Aontais (gan fuinneamh sa áireamh), ar ráta cosúil leis an trádáil agraibhia idir an tAontas agus na comhpháirtithe trádála uile, ar tháinig fás 22,2 % air, agus ar ráta níos ísle ná an trádáil agraibhia idir an tAontas agus comhpháirtithe nach bhfuil comhaontú trádála acu leis an Aontas (23,3 %).

Tháinig fás níos láidre (fás 17,5 %) ar **onnmhairí táirgí agraibhia go dtí comhpháirtithe fabhracha** ná mar ar tháinig ar onnmhairí táirgí bia talmhaíochta an Aontais go dtí na comhpháirtithe trádála uile, ar tháinig fás 15,8 % orthu sa tréimhse chéanna, agus ar ráta níos airde ná onnmhairí chuig comhpháirtithe neamhfhabhracha, ar tháinig méadú substaintiúil orthu, méadú 13,5 %. Ba iad gránaigh agus ullmhúcháin gránach na hearnálacha agraibhia a spreag an treocht sin, agus táirgí déiríochta ina dhiaidh sin.

Ba í **an Ríocht Aontaithe** an ceann scríbe ba mhó fós d'onnmhairí agraibhia an Aontais i measc na gcomhpháirtithe fabhracha[22] agus ar an iomlán[23], agus ba ann a ndeachaigh aon chúigiú (21 %) de mhéid iomlán onnmhairí an Aontais. Ba í an Ríocht Aontaithe an ceann scríbe d'onnmhairí inar tháinig an fás ba láidre ar onnmhairí an Aontais in 2022 (i.e. +EUR 5,9 billiún de réir luacha, nó +14 %), agus ina dhiaidh sin bhí na Stáit Aontaithe agus Maracó. Ba iad na Stáit Aontaithe an dara ceann scríbe ba mhó fós le haghaidh táirgí agraibhia an Aontais ar an iomlán, de réir luacha, i ndiaidh na Ríochta Aontaithe, agus ina dhiaidh sin bhí an tSín agus an Eilvéis.

In 2022, bhí an t- ardú céatadáin ar **allmhairí an Aontais de tháirgí agraibhia** ó chomhpháirtithe fabhracha beagán níos ísle i gcás comhpháirtithe fabhracha (i.e. 28 %) i gcomparáid leis an ardú ar allmhairí ó na comhpháirtithe uile (32 %) agus i gcomparáid leis an ardú ar allmhairí ó chomhpháirtithe nach bhfuil comhaontú trádála ag an Aontas leo (37,1 %). Is dócha go bhfuil nasc idir an méadú níos ísle do chomhpháirtithe fabhracha agus comhdhéanamh faoi seach na n- allmhairí. Mar shampla, is ó thíortha neamhfhabhracha ar fad, beagnach, (i.e. an Bhrasaíl, an Airgintín agus na Stáit Aontaithe) a thagann onnmhairí an Aontais de tháirgí olashíl (e.g. pónairí soighe) agus caife, dhá cheann de na príomh- thráchtearraí allmhairithe is mó ar tháinig méadú ar a bpraghas (agus ar a luachanna allmhairithe dá bhrí sin).

**Ba í an Ríocht Aontaithe an fhoinse ba mhó d'allmhairí agraibhia an Aontais ar an iomlán** (9 % den mhéid foriomlán allmhairí), agus tháinig méadú 28,4 % ar allmhairí (i

[22] Bhí an Eilvéis, an ceann scríbe le haghaidh 5 % d'onnmhairí an Aontais in 2022, agus an tSeapáin (4 %) sa dara agus sa tríú háit, faoi seach, i measc chomhpháirtithe fabhracha an Aontais.

[23] Bhí na Stáit Aontaithe sa dara háit, le 13 % d'onnmhairí an Aontais in 2022, agus ina dhiaidh sin bhí an tSín, le 7 % d'onnmhairí foriomlána agraibhia an Aontais.

gcomhréir leis an meán- fhás ó na comhpháirtithe fabhracha uile). A mhalairt de chás a bhí ann in 2021, nuair a tháinig laghdú 24,5 % ar allmhairí. Tugann sé sin le fios go bhfuil taithí anois ag trádálaithe na Ríochta Aontaithe ar na seiceálacha agus cigireachtaí ar shláinte plandaí agus ainmhithe (SPS) a chuireann an tAontas i bhfeidhm, lena n- áirítear ar choinsíneachtaí agraibhia, ó mhí Eanáir 2021.

In 2022, ba í **an Úcráin** an dara foinse ba mhó d'allmhairí agraibhia an Aontais i measc na gcomhpháirtithe fabhracha (8 % de na hallmhairí).

***Éascaítear éagsúlú le comhaontuithe trádála an Aontais freisin agus cuidítear le feabhas a chur ar shlándáil bia***

In 2022, thacaigh comhaontuithe trádála an Aontais le trádáil agraibhia an Aontais a éagsúlú amach ón Rúis i dtreo comhpháirtithe trádála eile agus chuidigh siad le dúshláin slándála bia a shárú san Aontas agus i dtíortha comhpháirtíochta i ndiaidh chogadh foghach na Rúise in aghaidh na hÚcráine a bhí gan spreagadh gan údar:

- Ghlac an Úcráin áit na Stát Aontaithe in 2022 mar an tríú foinse onnmhairí is mó le haghaidh táirgí agraibhia ar an iomlán (i ndiaidh na Brasaíle agus na Ríochta Aontaithe).

- I gcomhréir lena ghealltanas maidir le slándáil bia dhomhanda, a ndearnadh cogadh foghach na Rúise in aghaidh na hÚcráine a bhí gan spreagadh gan údar difear dó, mhéadaigh an tAontas a onnmhairí cruithneachta go dtí Comharsanacht an Deiscirt in 2022, go háirithe go dtí an Ailgéir (4,9 milliún tona), Maracó (4,1 milliún tona) agus an Éigipt (2,9 milliún tona). Éascaíodh é sin leis na comhaontuithe comhlachais idir an tAontas agus na comhpháirtithe sin.

***Murab ionann agus trádáil san iomlán, choinnigh an tAontas barrachas i dtrádáil earraí le comhpháirtithe fabhracha, cé go bhfuil laghdú ag teacht ar an mbarrachas***

In 2022, i gcodarsnacht le trádáil san iomlán, chláraigh an tAontas barrachas EUR 73 bhilliún ina thrádáil earraí le comhpháirtithe fabhracha. B'ionann sin agus laghdú EUR 131 bhilliún i gcomparáid le EUR 204 bhilliún in 2021. Is féidir breis agus 60 % de bharrachas an Aontais le comhpháirtithe fabhracha a chur i leith an agraibhia.

I gcodarsnacht leis sin, bhí easnamh EUR 432 bhilliún i gceist le trádáil earraí an Aontais leis an gcuid eile den domhan, thíos ó bharrachas EUR 55 bhilliún in 2021, agus b'ionann an t- easnamh sin agus an leibhéal ba ísle ó 2002. Ardú géar ar luach táirgí fuinnimh, a thosaigh ag deireadh 2021 agus a lean ar aghaidh i rith 2022, ba chúis leis sin ach go háirithe. Tháinig méadú 113,5 % ar luach allmhairí táirgí fuinnimh i gcomparáid le 2021. Ba léiriú é sin ar mhéid bhreise EUR 443,3 billiún, leath an mhéadaithe ar allmhairí an Aontais san iomlán.

***Rinne an Coimisiún, mar a cheanglaítear air de réir rialachán faoi seach an Aontais, faireachán arís in 2022 ar allmhairí isteach san Aontas de tháirgí tionsclaíocha agus de tháirgí agraibhia áirithe...***

**Oibleagáidí faireacháin sonracha ar thrádáil earraí le comhpháirtithe na Cóiré Theas agus Mheiriceá Laidinigh**

*Rinne an Coimisiún, mar a cheanglaítear air le Rialachán (AE) Uimh. 511/2011*[24]*, faireachán ar* ***allmhairí na Cóiré Theas de phríomhpháirteanna agus de leictreonaic ghluaisteáin*** *ó na soláthróirí is tábhachtaí lasmuigh den Aontas Eorpach. In 2022, tháinig méadú beag ar allmhairí na Cóiré Theas d'innill dócháin (peitril agus díosail) agus de pháirteanna i gcomparáid le 2021 (+8 %), mar ab amhlaidh i gcás allmhairí de phríomhpháirteanna gluaisteáin (+11 %). Ar bhonn na staitisticí trádála sin, ní féidir nasc a shuí idir ceadú na haisíocaíochta dleachta faoin gcomhaontú trádála leis an gCóiré Theas agus an méadú (29 %) ar allmhairí gluaisteán isteach san Aontas ón gCóiré Theas.*

*Rinne an Coimisiún faireachán freisin ar allmhairí* ***bananaí úra ón gColóim, ó Eacuadór agus ó Pheiriú agus ó Mheiriceá Láir*** *isteach san Aontas, mar a cheanglaítear le Rialacháin (AE) Uimh. 19/2013*[25] *agus Uimh. 20/2013*[26]*. Cuireadh tuarascáil chuimsitheach,*[27] *faoi fheidhmiú mhargadh bananaí an Aontais tar éis don sásra cobhsaíochta bananaí dul in éag, faoi bhráid an Choimisiúin Eorpaigh an 29 Lúnasa 2022. Deimhníodh sa tuarascáil gur aimsigh beartas trádála an Aontais an chothromaíocht cheart idir cuspóirí éagsúla trí oibleagáidí idirnáisiúnta a urramú fad a fhreastalaítear ar leibhéal méadaithe tomhaltais san Aontas. In 2022, tháinig méadú 1,6 % ar allmhairí bananaí úra isteach san Aontas ón gColóim, agus tháinig laghdú 11 % agus 20 % ar allmhairí ó Eacuadór agus Peiriú i gcomparáid le 2021. Leanfaidh an Coimisiún dá anailís thráthrialta a dhéanamh ar staid an mhargaidh agus ar tháirgeoirí banana an Aontais agus, más gá, scrúdóidh sé an staid in éineacht leis na Ballstáit agus na páirtithe leasmhara.*

***Tháinig méadú ar an trádáil i seirbhísí agus choinnigh an tAontas barrachas le comhpháirtithe fabhracha agus leis an gcuid eile den domhan***

Ba é EUR 925 944 milliún (46 % de thrádáil uile an Aontais i seirbhísí) an trádáil i seirbhísí leis na 74 chomhpháirtí fhabhracha uile in 2021, (na figiúirí is déanaí atá ar fáil). Tháinig méadú 6.7 % ar an bhfigiúr, i.e. bhí sé ar leibhéal níos ísle ná trádáil an Aontais i seirbhísí leis an gcuid eile den domhan, ar tháinig méadú 10 % uirthi, agus níos ísle ná trádáil le comhpháirtithe trádála neamhfhabhracha, ar tháinig méadú 13 % uirthi.

---

[24] Rialachán (AE) Uimh. 511/2011, (IO L 145, 31.5.2011, lch. 19); https://eur-lex.europa.eu/legal-content/en/ALL/?uri=CELEX:32011R0511.


[25] Rialachán (AE) Uimh. 19/2013, (IO L 17, 19.1.2013, lch. 1); https://eur-lex.europa.eu/legal-content/EN/TXT/?uri=CELEX%3A32013R0019.

[26] Rialachán (AE) Uimh. 20/2013, (IO L 17, 19.1.2013, lch. 13); https://eur-lex.europa.eu/legal-content/EN/TXT/?uri=CELEX%3A32013R0020

[27] https://data.consilium.europa.eu/doc/document/ST-11960-2022-INIT/en/pdf.

Tháinig **méadú ar bharrachas an Aontais sa trádáil i seirbhísí** in 2021, le comhpháirtithe fabhracha (méadú EUR 57 mbilliún ó EUR 79 mbilliún in 2020 go dtí EUR 136 bhilliún in 2021) agus leis na comhpháirtithe trádála uile. Maidir leis an ngrúpa deireanach sin, bhí an méadú níos mó fós, cé gur tosaíodh ó leibhéal níos ísle (i.e. méadú EUR 112 bhilliún ó EUR 9 mbilliún in 2020 go dtí EUR 121 bhilliún in 2021).

**Fíor 4: Trádáil an Aontais i seirbhísí de réir an chomhpháirtí fhabhraigh, 2021 (na 10 gcomhpháirtí ba mhó)**




*Foinse:* Eurostat, Comhardú na nÍocaíochtaí (BOP_ITS6_DETasbhaint a rinneadh i mí Aibreáin 2023).

Shroich trádáil iomlán an Aontais i seirbhísí EUR 2 thrilliún in 2021, méid a raibh aon trian de thrádáil iomlán an Aontais in 2022 i gceist leis[28]. Is é an tAontas an t- onnmhaireoir seirbhísí is mó ar domhan, agus is ón Aontas a thagann 26 % d'onnmhairí domhanda.

[28] Is ón 2021 iad na figiúirí is déanaí maidir le trádáil i seirbhísí, a asbhaineadh ó staitisticí Eurostat maidir le comhardú na
n- íocaíochtaí:[https://ec.europa.eu/eurostat/databrowser/view/BOP_ITS6_DET__custom_6174487/default/table; sonraí le haghaidh](https://ec.europa.eu/eurostat/databrowser/view/BOP_ITS6_DET__custom_6174487/default/table)

## II.2 Cur chun feidhme chomhaontuithe trádála an Aontais a thabhairt chun cinn san Áise, i gCríocha Mheiriceá, sa Chomharsanacht agus i dtíortha san Afraic, i Muir Chairib agus san Aigéan Ciúin

Dírítear san fhoroinn seo ar chur chun feidhme agus forfheidhmiú comhaontuithe trádála déthaobhacha an Aontais. Léirítear an bealach ina bhfuil an Coimisiún ag obair chun a áirithiú go bhfoghlaimeoidh cuideachtaí faoi na deiseanna a thairgeann comhaontuithe trádála, ar thaobh amháin, agus chun faireachán a dhéanamh ar chur chun feidhme na ngealltanas faoi seach ag tíortha comhpháirtíochta. I gcás inar gá, tá dlús curtha ag an gCoimisiún le forfheidhmiú. Sa chomhthéacs sin, ba thosaíochtaí fós iad bacainní ar rochtain ar an margadh agus sáruithe ar fhorálacha maidir le trádáil agus forbairt inbhuanaithe a shainaithint, a chosc agus deireadh a chur leo, agus saothraíodh iad sin i ndlúthchomhar le Ballstáit agus le páirtithe leasmhara. Tá ról lárnach ag Toscaireachtaí an Aontais[29] i dtacú leis an iarracht sin.

### A. Na buntáistí a bhaineann le comhaontuithe trádála a chur in iúl agus a chur chun cinn

***Is tosaíocht fós é cuidiú le gnólachtaí foghlaim faoi chomhaontuithe trádála***

Lean an Coimisiún dá iarrachtaí ardú feasachta maidir le comhaontuithe trádála an Aontais agus leis na buntáistí do chuideachtaí an Aontais agus iad ag dul san iomaíocht i margaí tríú tír. Tá sé sin tábhachtach go háirithe maidir le FBManna. Rinneadh é sin trí bhíthin treoracha nua maidir le comhaontuithe nua agus comhaontuithe atá ann cheana agus na gnéithe sonracha iontu, chomh maith le trí bhíthin imeachtaí le tacaíocht ó thionscadail arna gcistiú ag an Aontas.

Ar shamplaí tá:

- **Imeacht** comhpháirteach i mí na Samhna 2022 chun **ceiliúradh 5 bliana CETA** a chomóradh, ar ar fhreastail 90 rannpháirtí. An Coimisiún agus Comhlachas Tráchtála an Aontais Eorpaigh i gCeanada (EUCCAN) a d’eagraigh an imeacht sin go comhpháirteach.

- **Treoracha mionsonraithe maidir le comhaontuithe atá ann cheana**, amhail an treoir do sholáthróirí an Aontais maidir le **soláthar rialtais sa tSeapáin**[30]. Tá an treoir

[29] Tá breis agus 200 ball foirne ag Ard-Stiúrthóireacht na Trádála i níos mó ná 50 Toscaireacht Aontais atá ag obair ar shaincheisteanna trádála.

[30] Mínítear sa treoir na príomh- athruithe ar raon feidhme na ngníomhaíochtaí um sholáthar rialtais a tugadh isteach leis an gComhaontú Comhpháirtíochta Eacnamaíche (CCE) idir an tAontas agus an tSeapáin agus tugtar

ceaptha chun cúnamh a thabhairt do chuideachtaí san Aontas ar mian leo saothar, earraí nó seirbhísí a sholáthar d'eintitis phoiblí sa tSeapáin trí bhíthin soláthar poiblí nó próisis chomhchosúla.

- Lear mór **ábhair chun foláireamh a thabhairt do pháirtithe leasmhara agus cuidiú leo ullmhúchán a dhéanamh roimh chomhaontuithe nua** sula dtagann siad i bhfeidhm. Mar shampla, i mí na Nollag 2022, nuair a thug an tAontas caibidlíocht i gcrích leis an tSile maidir le creat-chomhaontú ardleibhéil, rinne sé gníomhaíocht den sórt sin, lena n- áirítear bileoga eolais agus grafaic faisnéise a fhoilsiú. Rinneadh iarracht cosúil leis sin nuair a thug an tAontas caibidlíocht chun críche i mí an Mheithimh 2022 faoin gcomhaontú trádála úrscothach a bheidh aige amach anseo leis **an Nua- Shéalainn,** agus arís le haghaidh shíniú an chomhaontaithe bliain ina dhiaidh sin an 9 Iúil 2023. I measc na n- ábhar a táirgeadh le haghaidh na n- imeachtaí sin bhí bileog eolais, grafaic faisnéise agus doiciméad ina raibh na ceisteanna ba choitianta[31].

## B. Comhaontuithe trádála déthaobhacha an Aontais a chur chun feidhme

I gcaitheamh shaolré chomhaontuithe trádála déthaobhacha an Aontais, úsáideann an Coimisiún **struchtúir institiúideacha** le haghaidh iliomad cuspóirí éagsúla, ó bhacainní ar chomhar le tíortha comhpháirtíochta a chosc agus deireadh a chur leo go dtí caibidlíocht maidir le rochtain bhreise ar an margadh. Rinneadh dul chun cinn maith le linn na tréimhse tuairiscithe, mar a léireofar sa roinn ina dhiaidh seo, lena n- áirítear le cuidiú ó shamplaí ar leith.

***Lean an Coimisiún ag dul i mbun oibre le tíortha comhpháirtíochta i gcoistí comhpháirteacha um thrádáil chun rochtain ar an margadh d'onnmhairí an Aontais a mhéadú***

Mar shampla, an 30 Samhain 2022 ghlac **Coiste an Aontais-na Cóiré Theas um Thrádáil** cinneadh lenar cuireadh 44 thásc geografach (GInna) de chuid an Aontais agus 41 thásc geografach de chuid na Cóiré Theas leis a bhí le cumhdach ag an gcomhaontú trádála idir an tAontas agus an Chóiré Theas ón 1 Eanáir 2023.

An 20 Nollaig 2022, cinneadh ag an gcéad **chruinniú de Choiste Custaim an Aontais-Shingeapór** 'onnmhaireoirí cláraithe' a chur in ionad an chórais 'onnmhaireoirí formheasta' (trí bhíthin leasú a dhéanamh ar an bprótacal faoi seach)[32]. Ciallaíonn an t- athrú sin go bhféadfaidh onnmhaireoirí beorach an Aontais rochtain níos éasca a fháil ar fhabhair tharaife ón 1 Eanáir 2023.

---

forbhreathnú ar na rialacha neartaithe a bhaineann le trédhearcacht:https://trade.ec.europa.eu/access-to-markets/en/country-assets/tradoc_159028.pdf

[31] Comhaontú Trádála idir an tAontas Eorpach agus an Nua-Shéalainn: Fás eacnamaíoch inbhuanaithe a éascú (europa.eu)

[32] Baineann Prótacal 1 de chomhaontú trádála an Aontais-Shingeapór leis an sainmhíniú ar 'tháirgí tionscnaimh' agus modhanna comhair riaracháin.

***Chuidigh struchtúir an choiste le bacainní a shainaithint agus a chosc ag céim luath freisin***

- Mar shampla, le rannpháirtíocht faoin gcomhaontú trádála idir **an tAontas agus tíortha na nAindéas**, cuidíodh leis an gCoimisiún cosc a chur ar dhá bhacainn sa **Cholóim**: bhain an chéad cheann le deochanna alcólacha agus cheanglódh sé ar onnmhaireoirí deimhnithe breise um Dhea- chleachtas Monaraíochta a sholáthar. D'aontaigh an Cholóim a reachtaíocht a mhodhnú chun deireadh a chur leis an gceanglas sin agus leanann an Coimisiún d'fhaireachán a dhéanamh ar an staid. Go dtí go nglacfar an dlí nua, thángthas ar réiteach eatramhach. Bhain an dara ceann le **ceanglais maidir le plúr treisithe a úsáid**, lena n- áirítear le haghaidh táirgí le cion plúir íseal, a chuirfeadh isteach ar allmhairí an Aontais.

Leis an rannpháirtíocht dhéthaobhach faoi Chomhaontú Comhlachais an Aontais leis **an Túinéis** in 2022, cuidíodh le taobh an Aontais **dleachtanna custaim níos airde do Náisiúin Bharrfhabhair (NBF) a sheachaint ar dleachtanna iad atá leagtha síos** i ndlí nua airgeadais ó mhí na Nollag 2021 a dhéanfadh difear do roinnt táirgí tionsclaíocha ón Aontas[33].

***Bhí ról ríthábhachtach ag coistí freisin chun deireadh a chur le bacainní, go háirithe san earnáil ba mhó a ndearnadh difear di, earnáil an agraibhia.***

Mar shampla, tar éis dianphlé a dhéanamh sna coistí CETA ábhartha, an 30 Meitheamh 2022, ar deireadh, chuir **Ceanada** deireadh leis an díolúine ó dleacht mháil fheidearálach d'fhíonta áitiúla (Ceanadacha). San am atá caite, bhíodh fíonta áitiúla díolmhaithe ó bheart coibhéiseach le *ad valorem* taobh thiar den cháin teorann is níos mó ná 9 %, murab ionann agus fíonta arna n- allmhairiú ón Aontas.

In éineacht le **hEacuadór**, sna coistí faoi seach den chomhaontú trádála idir an tAontas agus tíortha na nAindéas, bhrúigh taobh an Aontais an plé chun cinn agus d'éirigh leo deireadh a chur le dhá bhacainn a bhí ag cur isteach ar an bhféidearthacht d'onnmhairí an Aontais san earnáil talmhaíochta:

- Bhain ceann amháin le **córas cosantaíoch allmhairithe Eacuadór le haghaidh táirgí talmhaíochta**, inar úsáideadh ceadúnais neamh- uathoibríocha bunaithe ar mheasúnú ar tháirgeacht agus tomhaltas náisiúnta; rud a chruthaigh moilleanna agus éiginnteacht

[33] Cé gur leanadh ar aghaidh leis an mbeart foriomlán, baineadh roinnt táirgí spéise onnmhairiúcháin don Aontas den liosta.

nár ghá maidir le trádáil i dtáirgí talmhaíochta [34]. Mar thoradh ar phlé leantach le hEacuadór agus le Toscaireacht an Aontais, le tacaíocht ó Bhallstáit agus ó ghnólachtaí, ghlac Eacuadór córas nua an 22 Samhain 2022, lenar bunaíodh córas intuartha atá dírithe ar an margadh.

- Bhain an dara saincheist le bacainn a bhí ann le fada **lenar cuireadh cosc ar tháirgí bainne púdraithe ón Aontas a allmhairiú** ar feadh tréimhse 10 mbliana, rud ba chosúil a bhí ina shárú ar an gcomhaontú trádála idir an tAontas agus tíortha na nAindéas. Sa chás sin freisin, rinne an Coimisiún, trí Thoscaireacht an Aontais in Quito, a idirghabháil a chomhordú go dlúth le Ballstáit agus leis an tionscal, rud a thug ar na húdaráis inniúla tuairim dhlíthiúil a iarraidh (ón Ard- Aighne). Deimhníodh leis an tuairim sin go raibh an cosc ina shárú ar ghealltanais Eacuadór agus, mar thoradh air sin, rinne an Aireacht Talmhaíochta ceadúnais allmhairiúcháin neamh- uathoibríocha nua a eisiúint le haghaidh táirgí bainne púdraithe ón Aontas.

Ní saincheisteanna talmhaíochta amháin a réitíodh in 2022. Bhain cásanna eile le rialacháin idirdhealaitheacha arna bhforchur ar tháirgí agus seirbhísí tionsclaíocha, e.g. feistí leighis sa tSeapáin agus in Iosrael agus san earnáil miondíola sa Mholdóiv.

- Sa chéad cás, a bhuí le dlúthobair bhuíne idir Toscaireacht an Aontais agus comhlachais ghnó sa tSeapáin, cuidíodh le feabhas a chur ar **reachtaíocht chasta na Seapáine maidir le feistí leighis a raibh ceanglais uathúla maidir le lipéadú acu**. Tá feidhm ag na forálacha nua sin ón 31 Iúil 2023, rud a laghdóidh costais do ghnólachtaí an Aontais ar thrádáil dar neas- luach EUR 6 bhilliún go EUR 9 mbilliún.

- Bhain cás eile le húdarú feistí leighis **san Indinéis**. I ndiaidh dianphlé leis na húdaráis ábhartha**,** chomhaontaigh Iosrael [35] aitheantas a thabhairt do tháirgí ó Lucsamburg agus ó Bhallstáit a d'aontaigh don Aontas in 2004 mar tháirgí atá incháilithe don nós imeachta mear um údarú. Ciallaíonn sé sin go mbeidh onnmhaireoirí as na tíortha sin in ann údarú a fháil dá bhfeistí leighis i bhfad níos tapúla anois freisin, rud a chuirfidh deireadh le hidirdhealú idir na Ballstáit. Cé go n-áirithítear é sin trí thionscadal píolótach faoi láthair, tá an leasú reachtach críochnaitheach fós gan réiteach. Rinneadh feistí leighis dar luach tuairim is EUR 409 milliún a onnmhairiú ón Aontas go dtí Iosrael in 2022.

- Bhain an tríú sampla le **Dlí Trádála Intíre na Moldóive**, lenar ceanglaíodh ar mhiondíoltóirí ar a laghad 50 % de tháirgí bia de thionscnamh na Moldóive a chur ar taispeáint i siopaí, rud a bhí contrártha do phrionsabal an neamh- idirdhealaithe maidir

[34] Rinne taobh an Aontais idirghabháil, mar gheall nach raibh an córas sin ailínithe leis an gcomhaontú trádála idir an tAontas agus tíortha nAindéas ná le rialacha na hEagraíochta Domhanda Trádála, agus mar gheall go ndearna sé difear d'úsáid chuótaí rátaí taraife an Aontais.

[35] Tá an t- aitheantas sin á thabhairt ar bhonn píolótach agus leanfar de sin go dtí go nglacfar an leasú reachtach agus go dtiocfaidh sé i bhfeidhm.

le táirge allmhairithe, faoi Limistéar Domhain Cuimsitheach Saorthrádála (DCFTA) an Aontais- na Moldóive, agus faoi chóras na hEagraíochta Domhanda Trádála. I ndiaidh rannpháirtíocht ardleibhéil tríd an DCFTA, i mí Lúnasa 2022, bhain an Mholdáiv an oibleagáid thuasluaite ó mhiondíoltóirí, le héifeacht ón 26 Feabhra 2023.

- Bhain an ceathrú cás le **ceadúnú Pheiriú** agus ceanglais cháilithe i réimse na seirbhísí. Bhí na ceanglais comhdhéanta d'anailís theicniúil agus **tástáil ar bhia agus bheatha** le honnmhairiú, nach raibh oibiachtúil agus trédhearcach, agus a rinne idirdhealú in aghaidh chuideachtaí eachtracha neamhbhunaithe. I ndiaidh rannpháirtíocht ar thaobh an Aontais le húdaráis ábhartha Pheiriú sna coistí ábhartha den Chomhaontú Trádála idir an tAontas agus Peiriú, rinne Peiriú leasú ar a reachtaíocht agus tá ceanglais cheadúnaithe agus cháilithe anois aige atá oibiachtúil agus neamh-idirdhealaitheach.

***Chuir líonra comhaontuithe trádála an Aontais le comhar ar shaincheisteanna iolracha freisin, ó shaincheisteanna maidir le rialáil agus caighdeáin go dtí amhábhair***

Agus struchtúir institiúideacha comhaontuithe trádála an Aontais á n- úsáid mar ardán aige, lean an Coimisiún in 2022 dá **chomhar le comhpháirtithe forbartha** ar fud an speictrim gheografaigh ar raon leathan ábhar leasa choitinn, arna éascú ag na comhaontuithe trádála faoi seach. Leagtar samplaí de sin amach thíos.

- **Comhpháirtíochtaí digiteacha**, a tugadh chun críche in 2022 leis an tSeapáin agus leis an gCóiré Theas, agus le Singeapór go luath in 2023, chun cur le comhar ar bhonneagar digiteach, scileanna, claochlú digiteach gnólachtaí agus digitiú seirbhísí poiblí. Mar fhorbairt ar na prionsabail sin um thrádáil dhigiteach, sheol an tAontas caibidlíocht maidir le rialacha ceangailteacha ar an trádáil dhigiteach le Singeapór an 20 Iúil 2023[36].

- Comhar leis **an gCóiré Theas**

    - Ar **Chomhpháirtíocht Ghlas**, a bunaíodh an 22 Bealtaine 2023, agus é d'aidhm aici comhar déthaobhach a neartú agus dea- chleachtais a mhalartú maidir le gníomhú ar son na haeráide, aistriú fuinnimh glan agus cóir, cosaint an chomhshaoil, agus réimsí eile den aistriú glas;

    - **ar ríomhdheimhniú** agus comhchuibhiú deimhnithe sláinte chun trádáil roinnt táirgí agraibhia próiseáilte a éascú a thuilleadh. Leanadh leis an bplé maidir leis na hiarscríbhinní le comhaontuithe trádála faoi ghluaisteáin agus leictreonaic a thabhairt cothrom le dáta freisin, agus phléigh an tAontas agus

[36] https://policy.trade.ec.europa.eu/news/joint-statement-launch-negotiations-eu-singapore-digital-trade-agreement-2023-07-20_en

an Chóiré Theas an bealach le cothroime iomaíochta a áirithiú do mhonaróirí san earnáil gan beann ar a dtionscnamh, agus beartais a bhaineann le fóirdheontais d'fheithiclí leictreonacha á dtabhairt isteach ag an dá thaobh.

- Comhar leis **an tSeapáin** maidir le ceanglais chaighdeánaithe agus deimhnithe agus rialacha a bhaineann le tairiscintí a dhéanamh ar fhuinneamh gaoithe eischósta, le cuidiú ó thrí staidéar[37] ina ndéantar moltaí faoin tslí le maolú a chur ar shrianta maidir leis an rochtain atá ag soithí eachtracha ar thionscadail fuinnimh gaoithe eischósta. Tacaíonn na staidéir sin leis an tSeapáin agus í ag féachaint lena spriocanna a bhaint amach maidir leis an gcion foinsí in- athnuaite fuinnimh ina meascán fuinnimh a mhéadú agus aeráidneodracht a bhaint amach faoi 2050.

- Comhar le **Ceanada** maidir leis an gcomhshaol agus amhábhair, trí leanúint in 2022 agus go luath in 2023 de shraith imeachtaí comhpháirteacha a seoladh ag cruinniú mullaigh an Aontais- Cheanada 2021[38], lena n- áirítear plé láidir faoi thrádáil agus faoin gcomhshaol le hionadaithe na sochaí sibhialta. I measc na gcomhfhiontar sin bhí ceithre cheardlann chun inbhuanaitheacht, maoirseacht comhshaoil agus gníomhú ar son na haeráide sa talmhaíocht a chur chun cinn. Toradh eile ón gcruinniú mullaigh, *Comhpháirtíocht Straitéiseach an Aontais- Cheanada maidir le hAmhábhair*, a chomhlánaíonn an t- idirphlé déthaobhach bliantúil maidir le hamhábhair, foinsí ionchur tábhachtach an gheilleagair ghlais agus an gheilleagair dhigitigh a éagsúlú amach ó tháirgeoirí nach bhfuil an dearcadh céanna acu chun slabhraí soláthair iomaíocha an Aontais- Cheanada a chothú.

- Comhar leis **an Eilvéis** maidir le comhaontuithe trádála a úsáid, comparáidí a dhéanamh idir staidreamh maidir le trádáil, rátaí úsáide tosaíochta comhaontuithe trádála agus rialacha tionscnaimh. Mar bhonn eolais don chomhar bhí taighde a rinne an tAontas agus[39] staidéar a rinne Rúnaíocht Stáit na hEilvéise do Gnóthaí Eacnamaíocha (SECO), arb é is aidhm dó an fhéidearthacht eacnamaíoch a thiocfadh as crios carntha a chruthú idir comhpháirtithe trádála fabhracha de chuid na hEilvéise agus an Aontais a mheas. Thairis sin, cuireann an Eilvéis na bearta slándála agus sábháilteachta céanna i bhfeidhm agus atá i bhfeidhm san Aontas. Mar rannpháirtí

[37] Gaoth eischósta: https://www.eeas.europa.eu/sites/default/files/documents/Japanese%20OWP%20Tenders_Aquilo%20Energy%20GmbH_publication102022.pdf; Cabatáiste muirí: : https://www.eeas.europa.eu/sites/default/files/documents/Japanese%20OWP%20Cabotage_Aquilo%20Energy%20GmbH_publication102022.pdf; Caighdeáin, rialachán teicniúil agus measúnú comhréireachta i margadh cumhachta gaoithe eischósta na Seapáine:https://www.eeas.europa.eu/sites/default/files/documents/OWP%20Study%20-%20DTU-REI_publication_EN_0.pdf

[38] https://www.consilium.europa.eu/en/meetings/international-summit/2021/06/14/

[39] Tá an staidéar agus an tuarascáil faoi thorthaí an tsuirbhé cuideachta maidir le húsáid comhaontuithe saorthrádála ag onnmhaireoirí na hEilvéise le fáil ag:https://www.seco.admin.ch/seco/en/home/Aussenwirtschaftspolitik_Wirtschaftliche_Zusammenarbeit/Wirtschaftsbeziehungen/Freihandelsabkommen/nutzung_freihandelsabkommen.html

gníomhach i gCóras Rialaithe Allmhairí 2 an Aontais ó rinneadh an leasú ar an gcomhaontú maidir le slándáil custaim i mí an Mhárta 2021, déantar trádáil dhlisteanach ar bhealach níos rianúla fós, agus cuirtear ardleibhéal slándála i bhfeidhm maidir leis an slabhra soláthair.

***Chuir comhaontuithe trádála an Aontais fóram ar fáil go leanúnach maidir le comhar forbartha i Meiriceá Laidineach agus san Afraic***

In 2022, lean an tAontas dá chomhar le comhpháirtithe i Meiriceá Laidineach agus san Afraic Fho- Shahárach maidir le saincheisteanna inbhuanaitheachta agus dea- rialachas, le tacaíocht óna chláir chomhair réigiúnacha. Tá rannpháirteachas agus rannpháirtíocht láidir na sochaí sibhialta i gceist leis an gcomhar sin, lena n- áirítear ar an leibhéal áitiúil i dtíortha comhpháirtíochta. Seo a leanas samplaí le déanaí:

- Comhar leis **an tSile**, le tacaíocht ó chláir réigiúnacha an Aontais chun cuidiú le haistriú na tíre i dtreo gheilleagar níos **inbhuanaithe agus** níos neamhdhíobhálaí **don chomhshaol**, lena n- áirítear topaicí amhail mianadóireacht inbhuanaithe, an comhrac in aghaidh athléimneacht fhrithmhiocróbach, iompar gnó freagrach a chur chun cinn agus gníomhaíochtaí gnó ísealcharbóin agus don gheilleagar ciorclach a ghlacadh. Thairis sin, sheol an Coimisiún tionscadal don tSile amháin in 2022[40], arb é is aidhm dó tacú le trádáil chóir agus inbhuanaithe idir an tAontas agus an tSile, rud a chuidíonn le haird a tharraingt ar ról na trádála chun tacú le spriocanna comhshaoil agus sóisialta. Rinneadh staidéir sa tionscadal, inter alia, ar tháirgeadh orgánach sa tSile agus ar chóirthrádáil agus san áireamh ann bhí ceardlanna réigiúnacha i ngach ceann de na 16 réigiún, comhdháil ardleibhéil le saineolaithe idirnáisiúnta agus ardán B2B[41] ar líne chun táirgeoirí sa tSile a mheaitseáil le ceannaitheoirí san Aontas.

- Comhar le **Gána** faoin tionscadal 'Gána san Iomaíocht' [42] **'chun tacú le cur chun feidhme an chomhaontaithe comhpháirtíochta eacnamaíche (CCE) idir an tAontas agus Gána'** (EUR 4,1 milliún, 2020-2024). Is é is aidhm don tionscadal feabhas a chur ar rialachas eacnamaíoch agus timpeallacht an ghnó agus chun an leas is mó is féidir a bhaint as buntáistí an CCE do Ghána. I measc na dtorthaí is ábhartha in 2022 tá tabhairt chun críche ábhair chumarsáide (e.g. lámhleabhar eatramhach CCE agus bileog dhá- leathanach sa CCE eatramhach maidir le feasacht san earnáil phoiblí agus san earnáil phríobháideach), seisiúin oiliúna arna dtairiscint do Bhaill Foirne Rúnaíocht CCE, tacaíocht lóistíochta don Choimisiún/Ard-Stiúrthóireacht an Chánachais agus an Aontais Custaim don oiliúint forbairt acmhainne a tairgeadh do 40

[40] https://eurochile.cl/es/documents/proyecto-comercio-justo-y-sostenible-entre-la-union-europea-y-chile/
[41] https://www.eeas.europa.eu/delegations/chile/se-lanza-plataforma-%C2%A1conecta-tu-negocio%E2%80%9D-en-el-marco-del-proyecto-%E2%80%9Capoyo-al_es?s=192
[42]Ní dhíríonn an tionscadal ar aon earnáil faoi leith, ach díríonn sé ar acmhainneacht Ghána chun CCE a chur chun feidhme agus oibriú ar ábhair a bhaineann le CCE, nó ar iomaíochas ar leibhéal gnóthais a fheabhsú agus ar bheartais réigiúnacha phríomhshrutha ar mhaithe le hiomaíochas tionsclaíoch.

oifigeach custaim Gánach, chomh maith le tuarascáil faoi athchóirithe trádála ón CCE eatramhach.

Baineann gné láidir forbartha le roinnt mhaith comhaontuithe le tíortha i mbéal forbartha, amhail CCEnna le tíortha ACC, agus soláthraíonn siad dreasachtaí don athchóiriú a fhéadfaidh comhar forbartha agus go háirithe **Cúnamh don Trádáil** (AfT) leas a bhaint astu chun tacú le timpeallacht trádála níos oscailte, chun úsáid na gcomhaontuithe a chur chun cinn agus chun na tosaíochtaí maidir le Trádáil agus Forbairt Inbhuanaithe (TFI) a bhrú chun cinn. Le Tuarascáil an Aontais ar Dhul Chun Cinn maidir leis an gCúnamh don Trádáil 2022[43], taispeántar gurbh é an tAontas in éineacht lena Bhallstáit an soláthraí Cúnaimh don Trádáil ba mhó ar domhain, agus 40 % den Chúnamh domhanda den sórt sin ag teacht ón Aontas in 2020, rud a chomhfhreagraíonn do EUR 22,9 billiún. Chuaigh cuid mhór de sin chuig tíortha a bhfuil rochtain fhabhrach acu ar mhargadh an Aontais. Mar shampla, ba EUR 7,2 billiún in iomlán a bhí sa Chúnamh don Trádáil ón Aontas do thíortha ACC in 2020. Tá tuilleadh faisnéise sa tuarascáil freisin maidir le AfT an Choimisiúin agus na mBallstát, agus samplaí de, e.g. tacú le FBManna chun deiseanna a eascraíonn as comhaontuithe trádála a thapú agus feabhas a chur ar shaincheisteanna maidir le TFI. Tá mapáil idirghníomhach le fáil ar an suíomh gréasáin maidir le AfT an Aontais [44] i dtaca le tíortha is tairbhí agus tá samplaí de thionscadail AfT ann i gcomhthéacsanna sonracha.

***Leanann an tAontas de chomhar teicniúil le comhpháirtithe fabhracha a chur chun cinn d'fhonn feabhas a chur ar choinníollacha chun gnó a dhéanamh***

Mar shampla, chuir an Coimisiún rolladh amach a thionscadail **Eochair Maoine Intleachtúla na hÁise Thoir Theas** chun cinn, ar tionscadal é a tosaíodh an 1 Aibreán 2022, lena mbunaítear córais chun próisis ardcháilíochta agus tapa a éascú chun cearta maoine intleachtúla (CMI) a chlárú agus a fhorfheidhmiú go héifeachtach. Tacaíonn an tionscadal le cur chun feidhme forálacha CMI le comhpháirtithe fabhracha sa réigiún ASEAN, go háirithe **Singeapór agus Vítneam**, agus cuidíonn sé leo aontú do chomhaontuithe idirnáisiúnta ábhartha.

Sholáthair an Coimisiún/Ard-Stiúrthóireacht an Chánachais agus an Aontais Custaim cúnamh teicniúil do **Stáit i gComhaontú Comhpháirtíochta Eacnamaíche Chomhphobal Forbraíochta Dheisceart na hAfraice (SADC)** chun cuidiú le cur chun feidhme **rialacha tionscnaimh** CCE a bhrostú. San áireamh sna topaicí ar tugadh aghaidh orthu in 2022 bhí oiliúint acmhainneachta ar charnadh trasnánach idir Stáit CCE SADC chun cur chun feidhme charnadh trasnánach idir Stáit CCE SADC a bhrostú agus chun feabhas a chur ar lánpháirtiú réigiúnach laistigh de réigiún SADC.

In 2022, lean an tAontas de **chlár Comhpháirtithe don Fhás an Aontais- na hAfraice Theas** a chur i bhfeidhm chun trádáil dhéthaobhach faoi CCE SADC a uasmhéadú, trí bhacainní teicniúla ar an trádáil a bhaint agus trí shlabhraí luacha domhanda a chothú. Sa chomhthéacs sin, lean an tAontas dá chomhar le Comhlachas na hAfraice Theas um Chadás,

[43] https://op.europa.eu/en/publication-detail/-/publication/c2814529-8fce-11ed-b508-01aa75ed71a1/language-en
[44] Comhtháthú eacnamaíoch, trádáil agus nascacht (europa.eu)

Olann agus Móihéar, lena dtugtar le chéile saothróirí, ceannaitheoirí, soláthróirí trealaimh agus comhlachais tráchtearraí ar fud an tslabhra luacha teicstílí inbhuanaithe chun scrúdú a dhéanamh ar na féidearthachtaí maidir le comhroinnt eolais, malartuithe teicniúla agus trádáil.

Sampla eile is ea dlúthchomhar an Aontais lena chomhpháirtithe uile laistigh den **limistéar Uile-Eora-Mheánmhara,** chun ardán coiteann a fhorbairt atá tiomnaithe do chruthúnais tionscnaimh leictreonacha agus modhanna leictreonacha um chomhar riaracháin a úsáid *(tionscnamh e-PoC*).

## C. Fócas ar thrádáil agus forbairt inbhuanaithe

An 22 Meitheamh 2022, thug an Coimisiún a athbhreithniú ar a bheartas maidir le trádáil agus forbairt inbhuanaithe chun críche, agus foilsíodh **teachtaireacht**[45] mar thoradh air sin, dar teideal *Cumhacht na gComhpháirtíochtaí Trádála: le chéile ar mhaithe le fás eacnamaíoch atá glan agus cóir*[46]. Tá spreagadh úr á thabhairt ag an teachtaireacht do chur chun feidhme comhaontuithe trádála atá ag an Aontas cheana le Caibidlí ar Thrádáil agus Forbairt Inbhuanaithe, agus go sonrach 11 chomhaontú trádála lena gcumhdaítear 18 dtír chomhpháirtíochta.

### *Chuir an Coimisiún dlús le gníomhaíocht agus chuir sé a athbhreithniú TFI 2022 i mbun feidhme*

I gcomhréir le conclúidí an athbhreithnithe ar thrádáil agus forbairt inbhuanaithe, chomhlíon an Coimisiún a ghealltanas go mbeadh **an tsochaí shibhialta rannpháirteach ar bhealach níos fearr** i gcur chun feidhme agus forfheidhmiú.

- San áireamh sa **sásra feabhsaithe gearán** i ndáil le sáruithe líomhainte TFI a chuirtear isteach chuig Pointe Iontrála Aonair an Choimisiúin (**SEP**), tá amlínte sonracha don Choimisiún chun freagairt a thabhairt (féach tuilleadh thíos).

- Tá tús curtha ag an gCoimisiún freisin le hobair chun **tosaíochtaí tírshonracha a shainaithint**, le **dlúth- rannpháirtíocht ghrúpaí comhairleacha baile (DAGanna) an Aontais**. Is é is aidhm den obair sin cur chun feidhme gealltanas TFI a dhéanamh níos éifeachtaí.

Ghlac an Coimisiún céimeanna coincréiteacha freisin ionas go mbeadh **na tíortha comhpháirtíochta** a ghlac le gealltanais TFI rannpháirteach ann. In 2022, baineadh úsáid as na coistí TFI laistigh de chomhaontuithe trádála an Aontais chun:

[45] https://circabc.europa.eu/ui/group/8a31feb6-d901-421f-a607-ebbdd7d59ca0/library/8c5821b3-2b18-43a1-b791-2df56b673900/details.

[46] Chun achoimre ar phríomh- chonclúidí an athbhreithnithe ar an TFI a fheiceáil, féach freisin tuarascáil bhliantúil 2022 maidir le cur chun feidhme agus forfheidhmiú, leathanach : Clár Dhoiciméid an Choimisiúin - COM(2022)730 (europa.eu).

- go mbeadh comhpháirtithe rannpháirteach i bpríomh- eilimintí substaintiúla den athbhreithniú ar TFI, go háirithe maidir le cur chun feidhme *chaighdeáin sábháilteachta agus sláinte ceirde (OSH)* i bhfianaise timpeallacht oibre shábháilte agus shláintiúil ag teacht chun bheith ina bhunphrionsabal agus ina cheart ag an obair, agus chun idirphlé a thosú le comhpháirtithe áirithe faoi Choinbhinsiúin chomhfhreagracha na hEagraíochta Idirnáisiúnta Saothair (EIS) (C155 agus C187);
- tacú le tuilleadh *trédhearcachta i ndáil le próiseas*, go háirithe comhdhéanamh ghrúpaí comhairleach baile (DAGanna) tíortha comhpháirtíochta, ag tacú le teagmhálaithe idir DAGanna agus an tsochaí shibhialta i gcoitinne;
- méadú a chur ar thuiscint comhpháirtithe ar *reachtaíocht arna hachtú nó arna moladh ag an Aontas le déanaí maidir le hinbhuanaitheacht* (e.g. Rialacháin an Aontais maidir le dífhoraoisiú agus coigeartaithe carbóin ar theorainneacha, agus an togra um Rialachán maidir le Saothar Éigeantach) agus aghaidh a thabhairt ar ábhair imní comhpháirtithe maidir leis an tionchar ar chaidreamh trádála leis an Aontas.

***Fuarthas an chéad ghearán foirmiúil faoi TFI agus tugadh an réamh- mheasúnú chun críche*[47]**

Baineann an gearán le cearta saothair san earnáil mianadóireachta i bPeiriú agus sa Cholóim. Chuir an Coimisiún torthaí a réamh- mheasúnaithe in iúl don ghearánach, an ENR ón Ísiltír, CNV Idirnáisiúnta, an 13 Eanáir 2023. Chuir an Coimisiún Peiriú agus an Cholóim ar an eolas freisin agus d'fhoilsigh sé faisnéis faoin gcás líomhainte sin ar a shuíomh gréasáin[48]. Sainaithníodh easnamh féideartha maidir le forfheidhmiú dlíthe an tsaothair sa dá thír sa réamh- mheasúnú. Tá an Coimisiún i mbun caidrimh leo anois chun beart leantach a dhéanamh ar an easnamh féideartha a sainaithníodh.

Bhain an Coimisiún úsáid iomlán as an gcomhaontú trádála, go háirithe na forálacha maidir le hidirphlé agus comhar ar ábhair a bhaineann le trádáil agus forbairt inbhuanaithe, agus as na cainéil eile a bhí le fáil. Tá an Coimisiún i mbun caidrimh le EIS maidir leis an ábhar sin freisin.

In mí an Mheithimh 2022, d'fhoilsigh an Coimisiún treoirlínte oibriúcháin athbhreithnithe don **Phointe Iontrála Aonair**. Leis na treoirlínte athbhreithnithe, soláthraítear níos mó trédhearcachta agus intuarthachta do pháirtithe leasmhara a thuairiscíonn sáruithe líomhainte ar TFI, agus leagtar amach **amlínte** lena n- oibríonn an Coimisiún agus gearáin maidir le TFI á láimhseáil aige: 10 lá oibre chun a admháil go bhfuarthas gearán, 20 lá oibre chun bearta leantacha a dhéanamh maidir leis an ngearán, agus suas le 120 lá oibre chun an réamh- mheasúnú a thabhairt chun críche (ag brath ar chastacht an cháis).

[47] In 2022, fuair an Pointe Iontrála Aonair an dara gearán foirmiúil maidir le sáruithe TSD líomhainte; níorbh fhéidir é a phróiseáil, áfach, mar gheall nárbh é eintiteas de chuid an Aontais a rinne an gearán.
[48] https://circabc.europa.eu/rest/download/c872c7cb-a0da-46dc-8b03-8144bf2f0436

***Rinneadh dul chun cinn maith i gcaitheamh na tréimhse tuairiscithe ar ghealltanais TFI maidir le saothar a chur chun feidhme***

I réimse an **tsaothair**, cláraíodh dul chun cinn i ndáil le **daingniú agus teacht i bhfeidhm chroí- choinbhinsiúin EIS** i roinnt tíortha comhpháirtíochta:

- Dhaingnigh **an tSeapáin** Coinbhinsiún EIS (Uimh.) C105 maidir le Saothar Éigeantach a Chur ar Ceal. Tháinig an coinbhinsiún i bhfeidhm i mí Iúil 2023. Tá an tSeapáin fós tiomanta do dhul chun cinn leanúnach a dhéanamh trí an gCoinbhinsiún EIS maidir le hidirdhealú (C111) atá fós le daingniú, cé gur ghá gníomhaíochtaí coincréiteacha agus amlíne a leagan amach fós.

- I **Meiriceá Láir**, dhaingnigh Panama príomh- Coinbhinsiúin Saothair Idirnáisiúnta maidir le cigireacht saothair agus máithreachas agus prótacal 2014 a ghabhann leis an gCoinbhinsiún maidir le Saothar Éigeantach.

- Sa **Chóiré Theas,** tháinig trí phríomh- choinbhinsiún i bhfeidhm i mí Aibreáin 2022; an Coinbhinsiún maidir le Saoirse Comhlachais agus Cosaint an Chirt Eagrúcháin (Uimh. 87), an Coinbhinsiún maidir leis an gCeart Eagrúcháin agus leis an gCómhargáil (Uimh. 98) agus an Coinbhinsiún maidir le Saothar Éigeantach (Uimh. 29). Tharla dul chun cinn áirithe i dtreo dhaingniú coinbhinsiún (Uimh.) 105 maidir le Saothar Éigeantach a Chur ar Ceal: in 2022, d'fhoilsigh an Chóiré Theas staidéar lenar sainaithníodh na forálacha intíre is gá a leasú chun an Coinbhinsiún EIS a chomhlíonadh. I mí Mheán Fómhair 2022, d'óstaigh an Coimisiún cruinniú geallsealbhóirí le sochaí shibhialta na Cóiré Theas agus tá staidéar ar leithligh á dhéanamh aige chun staidéar na Cóiré Theas bhailíochtú. Lean taobh an Aontais den tsaincheist sin a ardú leis an gCóiré Theas ar gach leibhéal.

Agus an chéad chéim (daingniú) tugtha chun críche, aistríodh an bhéim ó thaobh cur chun feidhme de ó dhaingniú go dtí **cur chun feidhme agus cur i bhfeidhm phríomh- choinbhinsiúin EIS ag comhpháirtithe trádála** agus tá faireachán cúramach á dhéanamh ag an gCoimisiún air sin i gcónaí.

Sa chomhthéacs sin, chonacthas roinnt treochtaí agus forbairtí maithe in 2022, ós rud é go bhfuil athbhreithniú agus feabhas á ndéanamh ar an **gcreat intíre maidir le saothar** i roinnt tíortha comhpháirtíochta agus a ngealltanais TFI á gcur chun feidhme acu.

- Mar shampla, tá athchóiriú níos leithne ar an gcód saothair ar bun i **Vítneam** (lena n- áirítear obair ar fhoraithne chun cead a thabhairt **ceardchumainn neamhspleácha** a bhunú). Nuair a bheidh sé curtha i gcrích, is dócha go mbeidh tionchar dearfach aige sin ar **DAG Vítneam**, ar cheart é a leathnú amach chun eagraíochtaí oibrithe neamhspleácha a chur san áireamh.

- An obair a rinne an tAontas leis **an tSeapáin** ar reachtaíocht díchill chuí a tugadh anonn ag coistí TFI agus ag cruinnithe teicniúla idirsheisiúnacha, chuidigh an obair sin le **treoirlínte na Seapáine maidir le dícheall cuí um chearta an duine**, a foilsíodh i mí Mheán Fómhair 2022, a mhúnlú. Tugtar aghaidh sna treoirlínte ar na caighdeáin saothair chéanna agus a thugtar i gcaibidil TFI an CCE agus is é is aidhm dóibh, *inter*

*alia*, méadú a chur ar an méid a dhéanann cuideachtaí na Seapáine foinsiú go freagrach agus i gcomhréir le caighdeáin idirnáisiúnta.

- Thug **Singeapór** le tuiscint go bhfuil céimeanna á dhéanamh aige chun reachtaíocht a achtú chun **toirmeasc a chur ar idirdhealú san áit oibre** (níl aghaidh tugtha air sin go dtí seo ach amháin le creataí deonacha).

- Tá seirbhís cigireachta saothair lánfheidhme bunaithe ag **an tSeoirsia** a bhfuil sainordú leathnaithe aici.

- I ndiaidh cainteanna sna coistí TFI agus le páirtithe leasmhara ar an láthair, shainaithin **an Cholóim agus Peiriú** bearnaí sa chreat saothair agus chinn siad athbhreithnithe ar a gcóid saothair faoi seach a sheoladh.

***D'eascair comhar níos spriocdhírithe idir páirtithe as forálacha TFI i gcomhaontuithe um thrádáil fhabhrach maidir leis an gcomhshaol agus maidir le saothar***

Maidir le **cosaint an chomhshaoil**, rinneadh dul chun cinn de réir a chéile le linn na tréimhse tuairiscithe ar **chur chun feidhme comhaontuithe comhshaoil iltaobhacha** agus san aistriú éiceolaíoch trí bhíthin cur chuige um an ngeilleagar ciorclach. Mar shampla, tá idirphlé ar bun ag **Vítneam** leis an Aontas maidir leis an ngeilleagar ciorclach, agus tá ról lárnach san idirphlé sin ag an gcaibidil TFI agus ag an gcomhaontú trádála idir an tAontas agus Vítneam.

Tá an Coimisiún go mór ar son **an chomhair** i gcónaí chun forálacha comhshaoil ina chomhaontuithe trádála a chur chun feidhme, lena n- áirítear le comhpháirtithe trádála forbartha san Áise Thoir Theas. Áiríodh leis sin comhar le **Singeapór** maidir le teicneolaíochtaí chun tacú leis an aistriú glas agus digiteach (le bonn eolais ón gceardlann chomhpháirteach DAG maidir leis 'an nGeilleagar digiteach agus a naisc leis an Inbhuanaitheacht' an 24 Márta) á chur chun cinn ag an gCoimisiún.

***Chistigh an tAontas Eorpach comhar teicniúil a thacaíonn le cuspóirí inbhuanaitheachta in 2022***

- I **Meiriceá Láir**, tá tionscadail chomhair ag tacú le próisis athchóirithe agus le forbairt acmhainne chun cuidiú le comhpháirtithe a ngealltanais maidir le saothar a chur chun feidhme. Sampla amháin de sin is ea clár EIS do Ghuatamala arna chistiú ag an Aontas lena gcuirtear treochlár EIS maidir le saoirse comhlachais agus cómhargáil chun feidhme.

- I **Vítneam,** an Clár idir an tAontas agus Vítneam maidir le hObair Chuibhiúil a Chur Chun Cinn, lena mbaineann buiséad EUR 13,5 mhilliún i gcaitheamh 6 bliana, cuidíonn an Clár sin le haghaidh a thabhairt ar chaidreamh tionsclaíoch, saoirse comhlachais agus cómhargáil, chomh maith le ceardchumainn neamhspleácha agus cigireachtaí saothair a bhunú agus a oibriú.

***Rannchuidigh grúpaí comhairleacha baile go mór le cuspóirí TFI a chur chun cinn faoi 11 chomhaontú trádála de chuid an Aontais lena gcumhdaítear 18 dtír***

Le rannchuidiú ó DAGanna, a dhéanann **faireachán ar an gcás** ar an láthair i dtíortha comhpháirtíochta, treisítear seasamh an Choimisiúin agus bearta leantacha á ndéanamh aige ar ghealltanais TFI:

- Mar shampla, in **Eacuadór**, cuireadh i dtábhacht le haighneachtaí comhpháirteacha ó na hionadaithe ón tsochaí shibhialta in 2021 na **deacrachtaí** a bhain le ceann de na heagraíochtaí oibrithe **in earnáil na mbananaí a chlárú mar 'cheardchumann'**; spreag an méid sin gníomhaíocht forfheidhmiúcháin. Phléigh an Coimisiún leis an gcás agus chuir sé ábhair imní in iúl faoi shárú na bpríomhghealltanas saothair agus mheabhraigh sé na moltaí a d'eisigh EIS. Lean an Coimisiún dá rannpháirtíocht leis na ceardchumainn in Eacuadór, go háirithe in earnáil na mbananaí, agus de thacú lena gcás i gcainteanna le rialtas Eacuadór.

- In 2021, tharraing **DAG an Aontais- na Cóiré Theas** aird an Choimisiúin ar chás maidir le **hidirdhealú líomhainte sa Chóiré Theas in aghaidh oibrithe seachadta,** a bhain le haitheantas dá gceart cómhargála. Lean an Coimisiún leis an tsaincheist sin a phlé leis an gCóiré Theas i gcomhthéacs chur chun feidhme thuarascáil an phainéil saineolaithe .

- Níos déanaí ná sin, tharraing **DAG an Aontais- na Ríochta Aontaithe** aird an Choimisiúin ar roinnt saincheisteanna a bhain le comhlíontacht, agus ardaíodh iad i gcainteanna leis an Ríocht Aontaithe sna comhlachtaí institiúideacha ábhartha. Áiríodh orthu sin laghdú ar ***chigireachtaí saothair*** sa Ríocht Aontaithe a bhaineann le gealltanas na Ríochta Aontaithe córas éifeachtach forfheidhmithe intíre a choinneáil ar bun. Ardaíodh an pointe sa Choiste Speisialaithe Trádála maidir le cothroime iomaíochta, bunaithe ar ábhair imní DAG an Aontais.

Lean DAGanna d'ionchur ar thopaicí leasa choitinn agus leasa fhrithpháirtigh a sholáthar do pháirtithe comhaontuithe trádála an Aontais trí **thaighde ar théamaí trádála agus forbartha inbhuanaithe**. Áirítear orthu sin **staidéir** a choimisiúnaigh DAGanna an Aontais agus tíortha comhpháirtíochta, mar bhonn eolais don chomhar agus don chomhthuiscint idir na páirtithe ar shaincheisteanna inbhuanaitheachta. Áirítear ar shamplaí de sin staidéar faoi 'Chóirthrádáil idir an tAontas agus réigiún na nAindéas' agus staidéar deisce faoi 'obair Ardáin agus Cosaint Institiúideach le béim faoi leith ar an gCóiré Theas agus ar an Aontas', a foilsíodh i lár mhí an Mhárta 2022.

Ina theannta sin, lean DAGanna an Aontais dá **rannpháirtíocht ghníomhach leis an tsochaí shibhialta i dtíortha comhpháirtíochta** in 2022. Le rannpháirtíocht DAGanna an Aontais leis an tsochaí shibhialta ar an láthair (lena n- áirítear trí fhóraim na sochaí sibhialta nó suíomhanna comhchosúla eile a bunaíodh faoi chomhaontuithe trádála an Aontais), cuidíodh le saincheisteanna um thrádáil agus inbhuanaitheachta a chur chun cinn, fiú i gcásanna ina raibh easnamh fós ann i socrú praiticiúil DAGanna tríú tír. Mar shampla:

- I **Vítneam,** chuidigh rannpháirtíocht ar an láthair ag DAG Vítneam- an Aontais agus ag Toscaireacht an Aontais le próiseas a thosú a raibh dá thoradh gur bhunaigh Vítneam grúpaí comhairleacha baile (DAG) i bhfómhar 2021, agus gur mhéadaigh sé a chomhaltacht ó thrí chomhalta go seacht gcomhalta in 2022.

- Sa **tSeapáin**, is é a bhí mar thoradh ar rannpháirtíocht DAGanna an Aontais le cuid de rannpháirtithe na Seapáine san Idirphlé Comhpháirteach leis an tSochaí Shibhialta, gur sainaithníodh roinnt príomhthopaicí comhair, is iad sin iompar gnó freagrach, dícheall cuí agus daingniú choinbhinsiúin EIS. Chruthaigh sé sin dinimicí dearfacha.

- Rinne DAG na Colóime, DAG Eacuadór agus scáth- DAG Pheiriú dearbhuithe aonair le tacaíocht fhrithpháirteach ag Fóram na Sochaí Sibhialta an 28 Deireadh Fómhair 2022, a bhuí le rannpháirtíocht réamhghníomhach ag DAG **an Aontais - Réigiún na nAindéas**.

In 2022, fuair an Coimisiún **tacaíocht airgeadais leanúnach d'obair na DAGanna**: Maidir leis an tionscadal **EUR 3 mhilliún** ar dhámh an Coimisiún conradh ina leith in 2018 chun tacú leis an tsochaí shibhialta faoi chuimsiú comhaontuithe trádála, tá síneadh curtha leis go dtí deireadh 2024 agus tá próiseas ar bun anois chun síneadh breise a chur leis go dtí deireadh 2026.

## D. Meastóireacht a dhéanamh ar thionchar na gcomhaontuithe trádála chun obair cur chun feidhme a threorú[49]

Lean an Coimisiún de bhreithniú a dhéanamh, i gcaitheamh na tréimhse tuairiscithe, ar thorthaí an staidéir ar an meastóireacht *ex post* ar an **gcomhaontú trádála idir an tAontas agus Réigiún na nAindéas**[50].

I mí Mheán Fómhair 2022, foilsíodh tuarascáil chríochnaitheach an staidéir ag tacú leis an meastóireacht *ex post* ar **an gcomhaontú trádála idir an tAontas agus Meiriceá Láir**, agus d'eisigh an Coimisiún a phríomhthuarascáil (doiciméad inmheánach oibre) i mí an Mheithimh 2023. Tá measúnú á dhéanamh ag an gCoimisiún ar an tuarascáil anois agus tá a dhoiciméad inmheánach oibre á ullmhú aige chun an mheastóireacht *ex post* a thabhairt chun críche.

Tugann an dá mheastóireacht léargas ar an gcás i dtéarmaí chur chun feidhme na gcomhaontuithe agus an tionchar atá acu ar an Aontas agus ar thíortha comhpháirtíochta, ag féachaint ar ghnéithe eacnamaíocha, sóisialta agus comhshaoil. Deimhneoidh siad cur chuige an Choimisiúin i leith cur chun feidhme le comhpháirtithe i Meiriceá Laidineach agus i Meiriceá Láir, agus cuireann siad ionchur eile ar fáil chun a straitéis cur chun feidhme agus forfheidhmithe a bheachtú níos faide.

[49] https://policy.trade.ec.europa.eu/analysis-and-assessment/ex-post-evaluations_en

[50] Chun torthaí níos mionsonraithe ar an staidéar a fheiceáil, féach an doiciméad inmheánach oibre, bileog thíre don Chomhaontú idir an tAontas agus Réigiún na nAindéas: féach freisin Doiciméid Inmheánach Oibre de chuid an Choimisiúin ***SWD (2023) 740***; https://circabc.europa.eu/ui/group/7fc51410-46a1-4871-8979-20cce8df0896/library/e0e79f42-9797-4d5d-a5c3-f00eb26b8676/details

An tráth céanna, tá obair ar an meastóireacht *ex post* ar na limistéir dhoimhne chuimsitheacha saorthrádála leis **an tSeoirsia agus an Moldáiv** ag leanúint ar aghaidh, agus tá an doiciméad inmheánach oibre á ullmhú faoi láthair.

Ar deireadh, tá tús curtha le meastóireacht *ex post* ar **an gComhaontú Comhpháirtíochta Eacnamaíche idir an tAontas Eorpach agus Comhphobal Forbraíochta Dheisceart na hAfraice.**

## III. Cuidiú le fiontair bheaga agus mheánmhéide a n- áit a aimsiú sa trádáil dhomhanda

Tá buntáistí chomhaontuithe trádála an Aontais ábhartha go háirithe i gcás FBManna (arb iad 93 % d'onnmhaireoirí an Aontais) agus iad ag lorg deiseanna nua gnó ar an gcoigríoch. Fiú i gcás nach dtrádálann siad le margaí tríú tír go díreach, tairbhíonn FBManna de na gealltanais chaibidlithe i ngeall ar an ról atá acu sa slabhra soláthair domhanda, e.g. nuair a ghníomhaíonn siad mar sholáthróirí do ghnólachtaí níos mó. In 2022, lean an Coimisiún dá iarrachtaí chun cuidiú le FBManna teacht ar an eolas faoi bhuntáistí chomhaontuithe trádála an Aontais agus iad a úsáid.

### A. Access2Markets a uasghrádú agus a chur chun cinn

Seoladh ardán Access2Markets i mí Dheireadh Fómhair 2020 agus tá faisnéis choincréiteach chuimsitheach ann a bhíonn ag teastáil ó ghnólachtaí agus iad i mbun gnó ar an gcoigríoch, lena n- áirítear taraifí, cánacha agus nósanna imeachta le haghaidh 135 mhargadh onnmhairiúcháin agus na margaí foinse uile. Tá breis agus 5 mhilliún duine tar éis úsáid a bhaint as an ardán[51], agus tá oiliúint curtha ar bhreis agus 9 000 FBM ag an gCoimisiún ar an ardán. I dteannta seimineáir oiliúna fhíorúla a eagrú ar bhonn ráithiúil, in éineacht le hateangaireacht ó Bhéarla go teangacha an Aontais, thacaigh an Coimisiún/Ard- Stiúrthóireacht na Trádála le 30 imeacht oiliúna a d'eagraigh na Ballstáit agus an tionscal. Orthu sin áirítear Cruinniú Mullaigh AE- na hAfraice 2022, oiliúint Access2Markets a eagraíodh i gcomhar le hUachtaránacht na Fraince ar an gComhairle, oiliúint in éineacht le hIonad AE- na Seapáine um Chomhar Tionsclaíoch, an *EU Canadian Chamber of Commerce* [Comhlachas Tráchtála an Aontais agus Cheanada], agus oiliúint ag Comhdháil Bhliantúil an Líonra Fiontar Eorpaigh 2022.

Rinneadh **uasghrádú** ar Access2Markets agus ar a chuid **príomhuirlisí** arís in 2022:

- Tá úsáid á baint as ***uirlis féinmheasúnaithe na Rialacha Tionscnaimh (ROSA)*** thart ar 470 uaire in aghaidh an lae. Leathnaíodh a chumhdach a thuilleadh in 2022: Tá 31 chomhaontú trádála AE in ROSA anois, lena gcumhdaítear 119 dtír chomhpháirtíochta

[51] Ba é 11 336 170 líon foriomlán na gcuardach in MyTradeAssistant in 2022 amháin. Bhain 55,6 % de na cuardaigh leis an onnmhairiú, 37,5 % leis an allmhairiú agus bhí 6,8 % faoi mhargadh an Aontais.

san iomlán (lena n- áirítear na 65 thír i mbéal forbartha a thairbhíonn de Scéim na bhFabhar Ginearálaithe Taraife i gcás a n- onnmhairí chuig an Aontas). Thairis sin, ó mhí an Mheithimh 2023 ar aghaidh, tá an Comhaontú Cuimsitheach Eacnamaíoch agus Trádála idir an tAontas Eorpach agus Ceanada (CETA), an Comhaontú Trádála agus Comhair idir an tAontas Eorpach agus an Ríocht Aontaithe (TCA), an Comhaontú Comhpháirtíochta Eacnamaíche idir an tAontas Eorpach agus an tSeapáin agus Scéim na bhFabhar Ginearálaithe Taraife ar fáil i dteangacha *uile* an Aontais. Seoladh an leagan nua den uirlis féinmheasúnaithe Rialacha Tionscnaimh le haghaidh formhór de chomhaontuithe saorthrádála an Aontais. Tá athchóiriú iomlán déanta ar ROSA agus comhéadan nua[52] (ROSA 2) ann mar aon le ceisteanna níos cuíchóirithe, rud a ghearrann an tréimhse is gá do chuideachtaí chun a bhféinmheasúnú a chur i gcrích agus a shimplíonn an próiseas a thuilleadh le haghaidh úsáideoirí.

- ***Uirlis Access2Procurement (A2P)*** a seoladh mí Mheán Fómhair 2021, cuidíonn sí le gnólachtaí a shuí cé acu a chumhdaítear nó nach gcumhdaítear soláthar sonrach le gealltanais idirnáisiúnta arna ndéanamh ag **Ceanada agus ag an tSeapáin** ina gcomhaontuithe trádála déthaobhacha leis an Aontas. Ó seoladh an uirlis, tá 5 395 measúnú déanta ag úsáideoirí, agus thart ar 270 measúnú míosúil in 2022. An obair chun na **Stáit Aontaithe** a chur le Access2Procurement, cuireadh i gcrích í agus seoladh go hoifigiúil é an 4 Iúil 2023. Is é an Ríocht Aontaithe an chéad tír eile a chuirfear leis.

- ***Uirlis chúntóra trádála atá tiomnaithe do sheirbhísí agus d'infheistíocht ('My Trade Assistant for Services and Investment')*** [Mo Chúntóir Trádála le haghaidh Seirbhísí agus Infheistíochta] cuireadh leis an ardán in 2022 í, agus cumhdaítear dhá thír go dtí seo léi, Ceanada agus an Ríocht Aontaithe, agus trí earnáil seirbhísí - dlí, cuntasaíochta agus iompair mhuirí. Ceadaíodh an uirlis 9 000 uaire ó seoladh í. Tá faisnéis á cur léi de réir a chéile le haghaidh breis agus 90 earnáil seirbhísí i gceithre mhargadh onnmhairiúcháin – Ceanada, an tSeapáin, an Eilvéis agus an Ríocht Aontaithe.

- Tá ***staitisticí seirbhísí*** á gcomhtháthú in Access2Markets de réir a chéile: tá siadsan bunaithe ar thacair sonraí Eurostat 'Bop-Its6' agus cumhdaíonn siad na hearnálacha seo a leanas:seirbhísí monaraíochta, seirbhísí cothabhála agus deisiúcháin, iompar, taisteal, tógáil, árachas agus pinsin, seirbhísí airgeadais, teileachumarsáid, seirbhísí ríomhaire agus faisnéise, seirbhísí eile gnó, agus seirbhísí pearsanta, cultúir agus áineasa.

[52] https://trade.ec.europa.eu/access-to-markets/en/news/rosa-2-launches-beta-version

## B. Ag freastal ar riachtanais shonracha FBManna: Caibidlí faoi FBM i gcomhaontuithe agus i lárionaid trádála sa tSeapáin agus sa tSín

Tá **forálacha atá tiomnaithe do FBManna** [53] i roinnt **comhaontuithe trádála de chuid an Aontais** atá i bhfeidhm chun cuidiú le FBManna rochtain a fháil ar an bpríomhfhaisnéis is gá agus rochtain á fáil acu ar mhargaí a chéile. Tá *moladh* maidir le FBManna[54] sa Chomhaontú Cuimsitheach Eacnamaíoch agus Trádála idir an tAontas Eorpach agus Ceanada (CETA) agus tá *caibidlí faoi FBM* sa Chomhaontú Comhpháirtíochta Eacnamaíche idir an tAontas Eorpach agus an tSeapáin (EPA AE- na Seapáine) agus sa Chomhaontú Trádála agus Comhair idir an tAontas Eorpach agus an Ríocht Aontaithe. Áirithíonn pointí teagmhála ar gach taobh go gcuirtear leasanna FBManna san áireamh le linn chur chun feidhme an chomhaontaithe agus go mbíonn rochtain ag FBManna ar an bhfaisnéis is déanaí. Sa chomhthéacs sin, d'eagraigh pointí teagmhála FBM a bunaíodh faoi CETA i mí an Mhárta 2023 seimineár gréasáin tiomnaithe chun taithí agus faisnéis ar thionscnaimh agus ar chláir bheartais a chéile a mhalartú, ar tionscnaimh agus cláir iad a chuidíonn le FBManna atá ag dul i mbun an idirnáisiúnaithe. I gcaitheamh shaolré CETA, tá méadú 43 % tagtha ar an líon FBManna atá i mbun onnmhairiúcháin chuig Ceanada. Tháinig pointí teagmhála FBM a bunaíodh faoi EPA AE- na Seapáine le chéile i mí an Mheithimh 2022 chun na gníomhaíochtaí a leagan amach a bhí déanta ag gach taobh chun an chaibidil faoi FBM a chur chun feidhme agus d'fhoilsigh siad **an tuarascáil chomhpháirteach ar ghníomhaíochtaí**[55] ba dhéanaí dá gcuid i mí an Mhárta 2023.

In 2022, lean an Coimisiún ar aghaidh le cúnamh a thabhairt do FBManna trí lárionaid FBN sa tSeapáin agus sa tSín, ag cuidiú le FBManna na margaí sin a láimhseáil.

Rinne *Ionad AE- na Seapáine um Chomhar Tionsclaíoch*[56], le cuidiú na Deisce Cabhrach EPA tiomnaithe dá chuid[57], gníomhaíochtaí lena n- áirítear:

- oiliúint le haghaidh 77 mbainisteoir de chuid an Aontais (*Get Ready for Japan* [Bí Ullamh le haghaidh na Seapáine], *World Class Manufacturing* [Monaraíocht den Chéad Scoth]);
- 41 sheimineár gréasáin nó phodchraoladh faoi ghnó a dhéanamh sa tSeapáin, agus breis agus 1 200 rannpháirtí iontu;
- 20 tuarascáil faisnéise margaidh inrochtana saor in aisce do ghnólachtaí Eorpacha;
- 28 n- imeacht B2B lenar éascaíodh breis agus 830 cruinniú idir cuideachtaí Eorpacha agus cuideachtaí na Seapáine[58], rud a chuir 15 chomhaontú comhpháirtíochta ar fáil.

[53]Comhaontaíodh moladh maidir le FBManna le Ceanada, agus tá caibidlí faoi in CCE AE- na Seapáine agus sa Chomhaontú Trádála agus Comhair, mar atá sna comhaontuithe a tugadh i gcrích leis an Nua Shéalainn, Mercosur, an Sile agus Meicsiceo. Tá caibidil faoi FBManna ina cuid den chaibidlíocht leanúnach leis an India agus leis an Indinéis freisin.

[54] https://trade.ec.europa.eu/access-to-markets/en/country-assets/tradoc_157417.pdf

[55] relations-negotiations-and-agreements - Library (europa.eu)

[56] https://www.eu-japan.eu/

[57] https://www.eu-japan.eu/epa-helpdesk

Tugann *Lárionad FBM an Aontais sa tSín*[59] comhairle do pháirtithe leasmhara maidir le láithreacht tráchtála ar mhargadh na Síne a fhorbairt agus tacaíonn an Lárionad le dea- chleachtais a mhalartú. In 2022, áiríodh ar a chuid gníomhaíochtaí:

- 37 seisiún oiliúna/seimineár gréasáin sa tSín agus san Aontas le haghaidh breis agus 3 000 FBM de chuid an Aontais;
- 22 ghníomhaíocht abhcóideachta, lena n- áirítear cruinnithe maidir le beartais agus gníomhaíochtaí brústocaireachta le hoifigigh rialtais, meithle machnaimh agus comhlachais ghnó de chuid na Síne agus na hEorpa;
- 10 dtreoirlíne onnmhairiúcháin, tuarascáil earnála agus airteagail ghnó;
- cúnamh teicniúil sonrach a bhaineann le FBManna an Aontais go sonrach i mbreis agus 300 cás.

### C. Comhar leis an Líonra Fiontar Eorpach (EEN) chun cúnamh a thabhairt do FBManna

Leanann an Coimisiún/Ard- Stiúrthóireacht na Trádála dá rannpháirtíocht leis an Líonra Fiontar Eorpach a dhoimhniú[60] ('an líonra'), mar a athsheoladh faoi Chlár Margaidh Aonair an Aontais é. Tá sainordú sonrach ag comhpháirtithe an líonra chun comhaontuithe trádála an Aontais a chur chun cinn. Le téarmaí tagartha an ghlao is déanaí ar thograí le haghaidh an líonra, sonraítear nach mór do chomhpháirtithe an líonra *help SMEs make the most out of EU Free Trade Agreements (trade agreements) in force with third countries* [cuidiú le FBManna an leas is fearr a bhaint as Comhaontuithe Saorthrádála an Aontais (comhaontuithe trádála) atá i bhfeidhm le tríú tíortha]. Is suntasach an buiséad atá ar fáil leis an nglao, mar atá, EUR 164,5 milliún le haghaidh na tréimhse ón 1 Eanáir 2022 go an 30 Meitheamh 2025. Tá coinne leis freisin go dtuairisceoidh comhairleoirí an líonra an tionchar a gineadh le haghaidh na ngnólachtaí Eorpacha tar éis sholáthar na seirbhísí comhairleacha trádála (i.e. an méid atá bainte amach ó thaobh comhairle de).

***Is minice atá struchtúir an Líonra Fiontar Eorpaigh ag freastal ar chur chun cinn chomhaontuithe trádála an Aontais***

In 2022, bhunaigh an líonra grúpa saineolaithe tiomnaithe ('Grúpa um Idirnáisiúnú Téamach') a bhaineann le hábhair atá bainteach le hidirnáisiúnú FBM, agus a chuid oibre á leanúint ag 290 gcomhairleoir líonra. Cuireadh teagmhálaí tiomnaithe i gceannas ar inniúlacht

---

[58] Déanann an t- ionad, ina ról mar phointe teagmhála an Líonra Fiontar Eorpaigh le haghaidh na Seapáine, an líonrú idir FBManna Eorpacha agus FBManna na Seapáine a éascú.
[59] https://www.eusmecentre.org.cn/
[60] Tá faisnéis faoin Líonra Fiontar Eorpach (EEN) le fáil anseo:https://een.ec.europa.eu/. Tá an líonra, arna chómhaoiniú ag clár COSME an Aontais, gníomhach i mbreis agus 60 tír agus is rud é a thugann 3 000 saineolaí le chéile ó 600 balleagraíocht. Is é a chuspóir cuidiú le gnólachtaí beaga agus meánmhéide ina ngníomhaíochtaí idirnáisiúnta

chomhairleoirí an líonra a mhéadú i dtaobh a bheith ag cuidiú lena gcliaint ghnó deiseanna chomhaontuithe trádála an Aontais a thapú.

Agus glaonna nua ar thograí agus léirithe spéise seolta in 2022, tá an líonra á leathnú féin lasmuigh de theorainneacha an Aontais, agus *nóid líonra* á gcur leis i dtíortha comhpháirtíochta trádála an Aontais a bhfuil comhaontú trádála déthaobhach nó aontas custaim i bhfeidhm ag an Aontas leo (e.g. An Tuirc, Singeapór, an Chóiré Theas).

***Díríonn lear mór de ghníomhaíochtaí an líonra ar rochtain FBM ar na buntáistí a bhíonn i gceist le comhaontuithe trádála***

Tríd an bhfor- rochtain a dhéanann an Líonra le 500 de na príomheagraíochtaí tacaíochta gnó san Eoraip, leanann sé d’iarrachtaí oiliúna Ard- Stiúrthóireacht na Trádála a iolrú i leith chomhaontuithe trádála an Aontais agus Access2Markets. In 2022, rinne an Líonra lear mór gníomhaíochtaí cur chun cinn breise arís eile, rud lenar cuidíodh le FBManna foghlaim faoi mhargaí eachtracha, iad a láimhseáil agus dul san iomaíocht iontu. Áirítear ar na gníomhaíochtaí sin:

- *ceardlann maidir le comhaontuithe trádála an Aontais* agus Access2Markets ag Comhdháil Bhliantúil an Líonra Fiontar Eorpaigh i bPrág i mí Dheireadh Fómhair 2022, ar ghlac 40 comhairleoir líonra páirt inti ar an láthair mar aon le thart ar 60 ar líne;

- seisiún *oiliúna don oiliúnóir* i mí na Samhna 2022 in éineacht le comhairleoirí seachtracha, le cuidiú na gcás- staidéar praiticiúil. Iarradh ar rannpháirtithe an seisiún a mhacasamhlú agus an t- ábhar a scaipeadh ar a gcuid líonraí náisiúnta laistigh de 6 mhí;

- cuireadh tús go luath in 2023 le fóram idirphlé démhíosúil dóibh siúd a bhíonn ag plé go rialta le comhaontuithe trádála, áit a dtugann saineolaithe trádála seachtracha comhairle do chomhairleoirí líonra maidir leis an mbealach chun fadhbanna coincréiteacha a réiteach, ar fadhbanna iad a bhíonn roimh a gcuid cliant agus iad ag allmhairiú agus/nó ag onnmhairiú lasmuigh den Aontas.

### D. Comhar le heagraíochtaí cur chun cinn na trádála

Leanann an Coimisiún dá rannpháirtíocht leis na heagraíochtaí sin de chuid na mBallstát chun iad a thabhairt cothrom le dáta maidir le comhaontuithe trádála an Aontais agus le Access2Markets. In 2022, lean an Coimisiún dá mhalartú le *Trade Promotion Europe*

(‘TPE’)[61] freisin, rud lena dtugtar 27 n- eagraíocht chur chun cinn na trádála ó 17 mBallstát le chéile. I ngeall ar a líonra leathan de bhreis agus 170 oifig san Aontas agus de bhreis agus 400 oifig lasmuigh den Aontas, tá ról tábhachtach ag TPE mar iolraitheoir. Tá an Coimisiún tar éis a bheith ag tacú le hiarrachtaí TPE chun feasacht a chomhaltaí a mhéadú ar chomhaontuithe an Aontais um thrádáil fhabhrach agus ar na buntáistí a bhaineann leo. Áiríodh leis an tacaíocht sin sraith de sheisiúin oiliúna speisialaithe a eagrú amhail an máistir- rang sa bhainistíocht onnmhairiúcháin a seoladh i mí an Mhárta 2023[62].

### E. Gníomhaíochtaí chun tacú le FBManna ar leibhéal iltaobhach (EDT)

Lean an tAontas dá thacaíocht in 2022 chun **Pacáiste MFBM**[63] 2020 a chur chun feidhme, agus é ag tuairisciú chuig Rúnaíocht EDT faoi stádas chur chun feidhme an phacáiste ag an Aontas. Sa chomhthéacs sin, seolann an tAontas sonraí taraifí agus neamhtharaife lena n- iontráil sa dá ardán faisnéise faoin bpacáiste (Deasc Chabhrach na Trádála Domhanda agus Bunachar Sonraí Comhpháirtithe EDT). Sholáthair an tAontas aiseolas agus tacaíocht freisin roinnt uaireanta le haghaidh tionscnaimh um chomhroinnt faisnéise de chuid Rúnaíocht EDT, lena n- áirítear faoin mbealach chun feabhas a chur ar fhorálacha MFBM i mbunachar na gComhaontuithe Trádála Réigiúnacha[64].

# IV. Aghaidh a thabhairt ar bhacainní agus réitigh a aimsiú

## IV.1 Staid na himeartha agus deireadh a chur le bacainní trádála

In 2022, bhí timpeallacht na trádála domhanda casta i gcónaí. Bhí tionchar suntasach ag cogadh foghach gan údar gan chúis na Rúise in aghaidh na hÚcráine ar an trádáil idirnáisiúnta, tar éis brú chomhbheartaithe ó thíortha comhghuaillithe agus ó thíortha eile chun srian a chur ar acmhainneacht na Rúise chun leanúint dá fhogha, agus rinne tíortha eile bearta chun a margaí intíre a chosaint. Beartais agus cleachtais chosantaíocha a bhain a mbuaicphointe amach le linn thréimhse COVID, lean siad ar aghaidh i réigiúin áirithe, rud a chruthaigh dúshláin do ghnólachtaí a oibríonn sna margaí sin. Is mar gheall air sin atá sé tábhachtach leanúint d’iarrachtaí chun bacainní trádála a bhrath, a tharraingt anuas mar ábhar agus a réiteach.

### A. An líon bacainní trádála & infheistíochta a cláraíodh ón 31 Nollaig 2022

Mar a léirítear sa tábla thíos, áiríodh **448** mbacainn thrádála agus infheistíochta ghníomhacha san iomlán in 64 thríú tír i mbunachar sonraí Access2Markets an Choimisiúin ag deireadh 2022.

[61] https://tradepromotioneurope.eu/
[62] https://tradepromotioneurope.eu/trade-promotion-europes-export-management-masterclass-kicks-off/
[63] https://www.wto.org/english/news_e/news20_e/msmes_11dec20_e.htm
[64] https://www.wto.org/english/tratop_e/msmesandtra_e/msmesandtra_e.htm


| An cineál birt | An líon bacainní |
|---|---|
| Bearta sláintíochta agus fíteashláintíochta (SPS) | **99** |
| Bacainní teicniúla ar an trádáil (TBT) | **79** |
| Taraifí agus coibhéisí agus srianta cainníochtúla | **79** |
| Nósanna imeachta riaracháin | **37** |
| Bearta eile* | **37** |
| Seirbhísí & infheistíocht | **36** |
| Cearta maoine intleachtúla (CMI) | **36** |
| Soláthar Poiblí | **29** |
| Dleachtanna agus srianta ar onnmhairí | **16** |
| **Iomlán** | **448** |

* Áirítear ar bhearta eile bacainní a bhaineann le hionstraimí um chosaint trádála (TDInna) agus le fóirdheontais agus le bearta lena ndéantar difear don iomaíocht.

D'fhan an **líon** bacainní trádála agus infheistíochta atá roimh chuideachtaí de chuid an Aontais agus iad ag onnmhairiú lasmuigh den Aontas cobhsaí dá réir sin i gcomparáid le 2021, nuair a bhí 455 bacainn ar na leabhair.

Ag breathnú dúinn ar **dháta clárúcháin** na mbacainní trádála a cláraíodh faoi dheireadh 2022, cláraíodh 34 % le 5 bliana anuas (mar is féidir a fheiceáil ó Fhíor 5 thíos), tá 38 % ann le 6 go 10 mbliana anuas, agus tá 27 % de na bacainní uile liostaithe le breis agus 10 mbliana.

**Fíor 5: An líon bacainní de réir an dáta clárúcháin**




Is é 10 mbliana 'aois' mheánach na mbacainní leis an tSín, an Rúis, an India agus na Stáit Aontaithe (i.e. na tíortha is mó de na comhpháirtithe neamhfhabhracha): Cláraíodh 103 as 117 mbacainn le haghaidh na dtíortha sin roimh 2019. Os a choinne sin, i gcás bacainní atá cláraithe i dtíortha eile, is é thart ar 8.7 mbliana an aois mheánach.

I gcuid áirithe de na cásanna sin, d'aimsigh gnólachtaí bealaí malartacha chun na bacainní a láimhseáil, nó ní dhearna siad ach a chinneadh go ndíreoidís ar mhargaí eile. An tráth céanna, tá an fhaisnéis ar Access2Markets faoi na bacainní sin a bheith ann fós luachmhar do chuideachtaí agus iad i mbun gnó sna tíortha lena mbaineann. Tá an Coimisiún ag breathnú an athuair de réir a chéile ar stoc na mbacainní níos sine atá ann in aghaidh na tíre agus na hearnála, i gcomhar leis na Ballstáit agus le páirtithe leasmhara lena mbaineann. Tá samplaí áirithe i Roinn C thíos faoi bhealaí a d'éirigh leis an gCoimisiún le déanaí, i gcomhar leis na Ballstáit agus leis an saol gnó, bacainní a réiteach a raibh difear á dhéanamh acu d'onnmhairí an Aontais le breis agus 10 mbliana.

Ag breathnú dúinn ar na **bacainní de réir cineáil** a bhí forleathan in 2022, mar is féidir a fheiceáil ó Fhíor 6 thíos, ba iad *bearta SPS* an chatagóir ina raibh an líon bacainní trádála ba mhó fós (99), agus beagnach an ceathrú cuid de na bacainní taifeadta uile sa chatagóir chéanna. Ba é bearta TBT (79 mbacainn) agus bearta taraifí agus srianta cainníochtúla (79 mbacainn) a bhí ann dá héis sin. In éineacht le chéile, is sna trí chatagóir sin de bhacainní trádála a bhí beagnach 60 % de na bacainní gníomhacha uile, rud atá ina léiriú ar an bhforbairt a breathnaíodh idir 2020 agus 2021.


Tá 36 bhacainn atá cláraithe i réimse na *seirbhísí*, agus baineann siad le 20 tríú tír difriúla. Is í earnáil an iompair an earnáil seirbhísí is mó dá ndéantar difear – ina bhfuil 10 mbacainn cláraithe, agus seirbhísí airgeadais, fuinneamh, seirbhísí poist, gnó, tógáil, áineas, dáileachán agus seirbhísí eile dá héis sin.

**Fíor 6: Cineálacha bacainní in 2022**



Léirítear na comhpháirtithe trádála i bhFíor 7 thíos inar cláraíodh an líon bacainní ba mhó in 2022: Bhí **an tSín** fós ar an tír ag a raibh an líon ba mhó bacainní cláraithe (38), agus **an Rúis** (32), **an India** (29), na **Stáit Aontaithe** (24) agus **an Indinéis** (21) dá héis sin.

**Fíor 7: An líon bacainní in aghaidh an chomhpháirtí trádála in 2022**





Tá sé sin ina léiriú ar an staid a bhí ann in 2021, ach amháin go raibh áit na hIndia malartaithe leis na Stáit Aontaithe.

I gcás na Síne, cuireadh deireadh le bacainn trádála amháin.

Léiríonn an léarscáil i bhFíor 8 thíos scaipeadh geografach na mbacainní faoi dheireadh 2022. Cé is moite de na tíortha a luaitear thuas, ar na tríú tíortha ag a raibh 10 mbacainn nó níos mó in 2022, áiríodh an Bhrasaíl (19), an Chóiré Theas (18), an Astráil (16), an Ailgéir (13), Meicsiceo (12), an Éigipt (11), an Mhalaeisia (10) agus Vítneam (10). Tá sé sin ina léiriú ar an staid a bhí ann in 2021, ach amháin go bhfuil bacainn amháin sa bhreis ag an Astráil agus an Ailgéir araon.

**Fíor 8: Scaipeadh geografach na mbacainní in aghaidh an chomhpháirtí trádála (deireadh 2022)**




### B. Éabhlóid na mbacainní trádála & infheistíochta in 2022

Is iad seo na cineálacha a bhí i réim i measc na mbacainní nua **bacainní sláintíochta agus fíteashláintíochta** (SPS) agus **taraifí agus a gcoibhéisí agus srianta cainníochtúla** (trí bhacainn chláraithe nua in aghaidh gach cineál), agus **bacainní teicniúla ar an trádáil** (TBT) agus **bearta IPR**. In 2022 bhí an líon bacainní SPS nua fós ag leibhéal measartha íseal (3), mar a bhí in 2021 freisin[65] (2), i gcomparáid leis na bacainní SPS nua a cláraíodh in 2020 (13).

I dtéarmaí **an lín bacainní nua**, cláraíodh 10 mbacainn in 2022, 6 bhacainn níos lú ná mar a cláraíodh in 2021. Lean an fhorbairt laghdaitheach ar aghaidh dá réir sin, cé nár tharla an laghdú ar leibhéal chomh mear céanna agus a bhí ann idir 2020 agus 2021 (ó 41 go 16). Thosaigh an laghdú sin in 2021, agus ba iad iarmhairtí phaindéim COVID cuid den chúis a bhí leis. D'fhéadfadh an laghdú ar chlárú bacainní nua a bheith nasctha le grinnscrúdú méadaithe freisin, ó seoladh an Pointe Iontrála Aonair in 2020, ar shaincheisteanna *sula* gcláraítear iad (féach Roinn IV.2 thíos).

[65] Cuireadh cuid den laghdú in 2021 i leith easpa ráigí lotnaidí móra amhail ASF agus ar leibhéal níos ginearálta i leith gnólachtaí a bhí ag streachailt le hiarmhairtí COVID- 19.

Léiríonn an tábla thíos 2022 i gcomparáid leis an staid a bhí ann in 2021.

| An cineál birt | Bacainní nua[66] 2022 | | Bacainní nua 2021 |
|---|---|---|---|
| SPS | 3 | | 2 |
| TBT | 2 | | 6 |
| Taraifí agus coibhéisí agus srianta cainníochtúla | 3 | | 2 |
| Nósanna imeachta riaracháin | 0 | | 1 |
| Seirbhísí & infheistíocht | 0 | | 1 |
| Bearta eile[67] | 0 | | 2 |
| CMI | 2 | | 0 |
| Soláthar Poiblí | 0 | | 2 |
| Dleachtanna agus srianta ar onnmhairí | 0 | | 0 |
| **Comhiomlán** | **10** | | **16** |

Ó thaobh na bpríomhearnálacha dá ndéanann bacainní nua difear, tá an staid in 2022 cosúil leis an staid in 2021: ba í an talmhaíocht agus iascach arís an chatagóir is mó, agus cúig bhacainn nua i gceist.

| An cineál earnála | An líon bacainní nua |
|---|---|
| Talmhaíocht agus iascach | 5 |
| Cothrománach | 3 |
| Fíonta agus biotáillí | 1 |
| Tionscail eile | 1 |
| **Iomlán** | **10** |

I dtéarmaí **scaipeadh geografach na mbacainní nua**, is i gComharsanacht an Deiscirt a bhí an líon ba mhó (4), agus Meiriceá Laidineach (2), an Áis Theas agus Thoir Theas (3) agus Meiriceá Thuaidh (1) dá héis sin.

### C. Bacainní a réitíodh in 2022

[66] Is iad na bacainní nua na bacainní sin a cláraíodh in Access2Markets in 2022.
[67] Áirítear le bearta eile bacainní a bhaineann le hionstraimí cosanta trádála (TDInna) agus le fóirdheontais, bearta lena ndéantar difear don iomaíocht, agus bearta neamh- inaicmithe eile i gcatagóirí roimhe.

In 2022, cuireadh deireadh le **31** bhacainn in **19 dtír chomhpháirtíochta** (ocht gcinn níos lú ná mar a bhí ann in 2021). Úsáideadh meascán straitéisí agus ionstraimí difriúla, lena n- áirítear rannpháirtíocht toscaireachta agus an creat institiúideach faoi **chomhaontuithe trádála déthaobhacha agus faoi EDT**.

| An cineál birt | Bacainní réitithe 2022 | Bacainní réitithe 2021 |
|---|---|---|
| SPS | 14 | 15 |
| TBT | 4 | 6 |
| Taraifí agus coibhéisí agus srianta cainníochtúla | 4 | 6 |
| Nósanna imeachta riaracháin | 1 | 3 |
| Seirbhísí & infheistíocht | 3 | 2 |
| Bearta eile* | 3 | 1 |
| CMI | 0 | 3 |
| Soláthar Poiblí | 1 | 1 |
| Dleachtanna agus srianta ar onnmhairí | 1 | 2 |
| **Iomlán** | **31** | **39** |

In 2022, ba iad **bacainní SPS** an chatagóir ba mhó arís agus 14 bhacainn réitithe ina leith.

Chuaigh réiteach na mbacainní sin i bhfeidhm ar bhealach dearfach díreach ar onnmhaireoirí an Aontais i roinnt mhaith earnálacha, go háirithe in **earnáil an bhia**.

- Mar shampla, tar éis do na Stáit Aontaithe a bheith dúnta le 24 bliana d'allmhairí caoireola agus feola gabhair de chuid an Aontais, leasaigh **SAM** na coinníollacha allmhairiúcháin i gcás táirgí caorach agus gabhair ar deireadh chun iad a thabhairt i gcomhréir le caighdeáin idirnáisiúnta. D'fhág sé sin go rabhthas in ann tús a chur le honnmhairí de chuid an Aontais an athuair de réir a chéile.

- Chuir **Cósta Ríce** deireadh le cáin 10 % ar dheochanna de chuid an Aontais (go háirithe beoir) i mí Feabhra 2023, tar éis rannpháirtíocht dhéthaobhach leanúnach sna comhlachtaí institiúideacha a bunaíodh faoin gComhlachas idir an tAontas agus Meiriceá Láir. Is é EUR 7 milliún a bhí i gceist le honnmhairí beorach an Aontais chuig Cósta Ríce in 2020, agus d'fhéadfadh EUR 0,7 milliún a bheith i gceist leis an 10 % sin[68].

Ba iad an dara cineál bacainne trádála ba choitianta a réitíodh in 2022 na bacainní sin a bhain le **bacainní teicniúla ar an trádáil** (**TBT**) agus **taraifí agus coibhéisí agus srianta cainníochtúla**.

- I measc na mbacainní a réitíodh i **gcatagóir TBT** bhí an bhacainn fhadbhunaithe atá nasctha le sonraíochtaí teicniúla a chuir ***Hong Cong*** i bhfeidhm maidir le busanna


[68] Foinse: An Coimisiún Eorpach, AS AGRI.

éadroma poiblí ag tosú ó 2015*,* rud a bhí ina bhac *de facto* ar onnmhairí busanna éadroma Euro VI ón Aontas. Tar éis dianteagmhálaithe déthaobhacha, i gcruinnithe Idirphlé Struchtúrtha an Aontais- Hong Cong, leasaíodh an Rialachán maidir le Trácht ar Bhóithre i mí Mheán Fómhair 2022, rud a d'fhág go raibh margadh ar luach thart ar EUR 200 milliún oscailte do mhonaróirí de chuid an Aontais.

- I gcatagóir na **dtaraifí agus na mbacainní coibhéiseacha** bhí na cleachtais idirdhealaitheacha atá roimh earnáil fíonta agus biotáillí an Aontais i ***Mósaimbíc***. Bhí córas oibleagáideach um rialú stampa tugtha isteach in 2022 ag Mósaimbíc, agus níor mhór costas níos airde a íoc le haghaidh an stampa i gcás táirgí alcóil allmhairithe ná mar ab amhlaidh i gcás táirgí intíre. Tar éis dianobair abhcóideachta ag an gCoimisiún (i gcomhar leis na Ballstáit agus leis an saol gnó) socraíodh na praghsanna le haghaidh na stampaí i mí na Bealtaine 2022 ag an leibhéal céanna le haghaidh táirgí intíre agus allmhairithe araon.


I dtéarmaí **cumhdach geografach** (i.e. an líon bacainní a réitíodh in aghaidh an chomhpháirtí trádála), léiríonn Fíor 9 gur cumhdaíodh 19 de chomhpháirtithe trádála an Aontais le bacainní a réitíodh go hiomlán nó go páirteach. I gcodarsnacht leis an staid a bhí ann in 2021, nuair ba iad an Chóiré Theas, an Éigipt agus Ceanada na trí thír lenar réitíodh an líon bacainní ba mhó (comhpháirtithe i gcomhaontuithe trádála), in 2022, ba iad an India, na Stáit Aontaithe agus Veiniséala (tíortha nach bhfuil comhaontú um thrádáil fhabhrach tugtha i gcrích ag an Aontas leo) a bhí ar bharr an liosta.

**Fíor 9: An líon bacainní a réitíodh de réir an chomhpháirtí (2022)**




Léiríonn Fíor 10 thíos tacar leathan na n- earnálacha a thairbhíonn de na hiarrachtaí a dhéantar chun an rochtain ar an margadh a neartú do ghnólachtaí an Aontais i dtríú tíortha. Ba í an earnáil ar di a bhain an líon bacainní trádála ba mhó a réitíodh **an talmhaíocht agus iascach**, agus 45 % de na bacainní uile a réitíodh i gceist. Bhí sé cinn de na bacainní a réitíodh sa chatagóir 'chothrománach' (i.e. ag baint le táirgí atá le fáil i níos mó ná earnáil amháin, rud nach féidir a chur i leith aon earnáil aonair amháin dá réir sin), agus bhain trí cinn de na bacainní leis an **earnáil seirbhísí**. Tá an deighilt sin ina léiriú a bheag nó a mhór ar an staid a bhí ann in 2021.

**Fíor 10: An líon bacainní a réitíodh in aghaidh na hearnála (2022)**




*An Chomhpháirtíocht um Rochtain ar an Margadh agus a tionchar in 2022*

Nuair a bhíonn an Coimisiún ag dul i ngleic le bacainní, téann sé i ndlúthchomhar leis na Ballstáit agus le páirtithe leasmhara an Aontais. Déantar é sin laistigh den **Chomhpháirtíocht um Rochtain ar an Margadh**, rud atá ina shnáithe lárnach fós den straitéis chun bacainní a chomhrac. Leis an gcomhpháirtíocht, tugtar le chéile an Coimisiún, na Ballstáit agus comhlachais ghnó an Aontais ar bhonn tráthrialta, i gcumraíochtaí difriúla. Measann an Coiste um Beartas Trádála saincheisteanna a bhaineann le cur chun feidhme agus le forfheidhmiú go tráthrialta, lena n- áirítear saincheisteanna den sórt sin a bhaineann le bacainní chun an spreagadh agus an treoir agus an chomhthuiscint is gá a sholáthar idir an Coimisiún agus na Ballstáit ar thosaíochtaí, ar an méid is gá a dhéanamh agus ar na háiteanna ar cheart iarrachtaí a dhíriú[69].

De thoradh obair na comhpháirtíochta le 5 bliana anuas, fágadh gur **scaoileadh onnmhairí an Aontais** ar bhealach suntasach. Ar an iomlán, taispeánadh le hanailís eacnaiméadrach a rinne Ard- Stiúrthóireacht na Trádála, a bhuí leis an deireadh a cuireadh le roinnt bacainní idir 2017

[69] Féach freisin páipéar leathoifigiúil an Choimisiúin maidir le beartas trádála an Aontais a chur chun feidhme agus a fhorghníomhú: https://circabc.europa.eu/ui/group/7fc51410-46a1-4871-8979-20cce8df0896/library/7103f3c9-2dc5-4bc5-be52-210c133802ca/details?download=true.

agus 2021, go raibh onnmhairí ón Aontas in 2022 EUR 7 mbilliún níos airde ná mar a bheidís dá mba rud é go raibh na bacainní fós i bhfeidhm.

### IV.2 An Pointe Iontrála Aonair

*Réasúnaíocht agus próiseas*

Nuair a sheol Ard- Stiúrthóireacht na Trádála an **Pointe Iontrála Aonair** an 16 Samhain 2020, bhain dhá chuspóir leis. Ba é an chéad aidhm go mbeadh sé níos éasca do pháirtithe leasmhara an Aontais bacainní trádála féideartha nua nó sáruithe ar ghealltanais inbhuanaitheachta a tharraingt anuas mar ábhar leis an gCoimisiún. Agus an Pointe Iontrála Aonair ann, tá **aon phointe teagmhála amháin** ar fáil anois le haghaidh páirtithe leasmhara chun saincheisteanna den sórt sin a thuairisciú don Choimisiún agus chun treoraíocht a fháil maidir leis an bhfaisnéis is gá ó ghearánaithe chun a shuí cé acu atá bacainn ann nó nach bhfuil agus chun cinneadh a dhéanamh faoi na bearta leantacha. Ba é an dara aidhm go mbeadh an measúnú ar shaincheisteanna nua agus ar phróiseas na mbeart leantach níos éifeachtaí agus níos éifeachtúla. Faoi threoraíocht an Phríomh-Oifigigh Forfheidhmithe Trádála ('CTEO'), comhordaítear leis an bPointe Iontrála Aonair an measúnú ar ghearáin agus bunaítear 'foirne cáis' de chuid an Choimisiúin atá comhdhéanta de shaineolaithe ábhartha.

Léirítear an próiseas le sampla a bhí ann le déanaí de ghearán faoi shrianta allmhairiúcháin a chuireann an Éigipt i bhfeidhm.

**Gearán SEP maidir leis an Éigipt - Litir chreidmheasa**

I mí an Mhárta 2022, tríd an bPointe Iontrála Aonair fuarthas gearán faoi úsáid shainordaitheach litreach creidmheasa (L/C) mar réamhchoinníoll íocaíochta le haghaidh allmhairí isteach san Éigipt i gcás raon leathan earraí. Cumasaíodh Banc Ceannais na hÉigipte leis an mbeart soláthar an airgeadra eachtraigh a rialú le haghaidh allmhairí trí eisiúint na litreacha creidmheasa a mhoilliú. Dá réir sin, bhí moilleanna nár bheag ar eisiúint na litreacha creidmheasa dá gcuid ag baint do roinnt oibreoirí eacnamaíocha in earnálacha tionscail difriúla de chuid an Aontais. Leis an mbeart nua sin, méadaíodh an t- ualach riaracháin agus costais, moillíodh an próiseas allmhairiúcháin, agus cuireadh teorainn *de facto* ar mhéideanna allmhairí i bhfianaise méid teoranta an airgeadra eachtraigh a cuireadh ar fáil d'allmhaireoirí.

Nuair a fuarthas an gearán, cuireadh foireann cáis de shaineolaithe ar bun leis an bPointe Iontrála Aonair, rud a raibh Toscaireacht an Aontais i gCaireo rannpháirteach ann freisin, chun measúnú mionsonrach a dhéanamh ar an ngearán. Ós rud é gurbh é conclúid an mheasúnaithe nach raibh an beart ag luí leis an gComhaontú Ginearálta um Tharaifí agus Thrádáil 1994 ná le Comhaontú Comhlachais an Aontais Eorpaigh agus na hÉigipte, cláraíodh an bhacainn in Access2Markets. Dá éis sin, chuaigh an Coimisiún i dteagmháil go díreach le rialtas na hÉigipte ar leibhéil éagsúla (e.g. fóraim EDT agus teagmhálaithe déthaobhacha faoin gComhaontú Comhlachais) chun a áirithiú go gcuirfí deireadh leis an mbacainn go mear. Dá thoradh sin, i mí Eanáir 2023, chuir an Éigipt deireadh leis an gceanglas sainordaitheach maidir le litir chreidmheasa a úsáid mar réamhchoinníoll íocaíochta le haghaidh allmhairí isteach sa tír. Tá faireachán á dhéanamh ag an Aontas faoi láthair ar cé acu a chuirtear nó nach gcuirtear an deireadh le ceanglas na litreacha creidmheasa i bhfeidhm go hiomlán go háitiúil.

Éascaítear obair an Phointe Iontrála Aonair le **foirmeacha gearán** ar líne – foirm amháin a bhaineann le saincheisteanna maidir le rochtain ar an margadh agus foirm eile maidir le saincheisteanna a bhaineann le TFI/GSP. Tá an dá fhoirm le fáil ar Access2Markets[70]. Tá na foirmeacha sin ceaptha chun leordhóthain faisnéise a sholáthar d'Ard- Stiúrthóireacht na Trádála chun an chéad mheasúnú a dhéanamh ar an tsaincheist atá idir lámha agus bearta leantacha a mheas. D'fhéadfadh daoine a d'fhéadfadh gearán a chur isteach a bheith neamhchinnte faoin bhfaisnéis is gá, faoin bpróiseas, nó faoi cé acu is féidir nó nach féidir leo gearán a dhéanamh gan faisnéis iomlán a sholáthar. Chun cúnamh a thabhairt dóibh, soláthraíonn treoirlínte oibriúcháin SEP [71] ar shuíomh gréasáin Ard- Stiúrthóireacht na Trádála treoraíocht do pháirtithe leasmhara faoin mbealach chun gearán a chur isteach. Ina theannta sin, cuireann an Coimisiún/TRADE cruinnithe ar fáil do ghearánaithe féideartha roimh aighneacht a chur isteach, agus déanann bearta leantacha ina leith leo agus an gearán curtha isteach, de réir mar is gá. Nuair a bheidh faisnéis leordhóthanach ar fáil, déanfaidh comhaltaí na foirne cáis measúnú ar an ngearán agus molfaidh bearta leantacha iomchuí chun an tsaincheist a réiteach. Is féidir leis an gCoimisiún beart a dhéanamh ar a thionscnamh féin freisin i staideanna nach gcuirtear aon ghearán foirmiúil isteach maidir le bacainn ar leith.

***An Pointe Iontrála Aonair in uimhreacha***

In 2022, an **dara bliain iomlán** dó a bheith i mbun oibriúcháin, is iad seo a leanas figiúirí an Phointe Iontrála Aonair:

- chuathas i dteagmháil leis an bPointe Teagmhála Aonair 71 uair faoi bhacainní trádála féideartha ar an rochtain ar an margadh (66) ach freisin faoi sháruithe féideartha ar ghealltanais inbhuanaitheachta tríú tíortha (5);

- fuarthas 48 ngearán sheachtracha ó pháirtithe leasmhara an Aontais trí thairseach Access2Markets (dhá ghearán faoi TFI agus an fuílleach ar shaincheisteanna maidir leis an rochtain ar an margadh), agus tionscnaíodh sé ghearán *ex officio* (faoi shaincheisteanna maidir leis an rochtain ar an margadh);

- chuathas i mbun roinnt réamhfhógraí a bhain leis an inbhuanaitheacht, ar eascair gearáin oifigiúla as trí réamhfhógra díobh in 2022.


As na 48 ngearán sheachtracha, is é an saol tionscail a thionscain formhór mór na ngearán (42): ba chuideachtaí de chuid an Aontais a sheol 23 ghearán, comhlachais trádála Eorpacha a sheol 16 díobh, agus sheol comhlachais trádála náisiúnta trí ghearán. Ba iad na Ballstáit a sheol na sé ghearán eile.
Ina theannta sin, thionscain an Coimisiún sé ghearán ar a thionscnamh féin maidir le bacainní ar an trádáil a mheastar a bheith ann.

[70] https://trade.ec.europa.eu/access-to-markets/en/contact-form?type=COMPL_MA
[71] https://trade.ec.europa.eu/access-to-markets/en/form-assets/operational_guidelines.pdf

Maidir leis an **líon teagmhálaithe agus gearán a fuarthas**, cláraíodh méaduithe de chúig theagmháil agus de 15 ghearán sa bhreis i gcomparáid le 2021. A mhéid a bhaineann le **tionscnamh** na ngearán, tá an staid in 2022 ina léiriú a bheag nó a mhór ar an staid a bhí ann in 2021: Ba iad páirtithe leasmhara gnó an Aontais an chatagóir ba mhó de ghearánaithe fós, agus tháinig **méadú faoi dhó ar gearáin a sheol na Ballstáit**, cé gurbh amhlaidh sin ó leibhéal íseal (ó thrí ghearán in 2021 go dtí sé ghearán in 2022).

Mar is féidir a fheiceáil ó Fhíor 11 thíos, i dtéarmaí na **dtríú tíortha** lena mbaineann, fuarthas gearáin tríd an bPointe Iontrála Aonair faoi bhacainní a bhí roimh ghearánaithe in 22 thír chomhpháirtíochta, lena gcumhdaítear na réigiúin gheografacha uile.

**Fíor 11: Gearáin a fuair an Pointe Iontrála Aonair in 2022, de réir an réigiúin**




I gcomhréir leis an treocht a breathnaíodh in 2021, arís in 2022, bhain an líon gearán ab airde le comhpháirtithe trádála i gComharsanacht an Deiscirt agus an Oirthir (12), limistéir arb iadh, in éineacht leis an Tuirc (3), a bhí i gceist le 33 % de na gearáin uile (beagán síos ó 37 % in 2021), agus an Áis Theas agus Thoir Theas (lena n- áirítear an Astráil, an India) dá n- éis sin le trí ghearán agus Meiriceá Laidineach sa tríú háit le dhá ghearán. Ní bhfuarthas ach aon ghearán amháin tríd an bPointe Iontrála Aonair faoi Mheiriceá Thuaidh.

## V. Forfheidhmiú déthaobhach agus iltaobhach na ngealltanas trádála: díospóidí a réiteach[72]

Rud atá i gcroílár chur chuige an Choimisiúin i leith cur chun feidhme agus forfheidhmiúcháin is ea obair maidir le cur chun feidhme, chun teacht roimh bhacainní féideartha agus chun dul i ngleic le bacainní iarbhír sula dtagann na bacainní sin chun bheith buanseasmhach. Chun go mbeidh sé chomh héifeachtach agus is féidir, tacaítear leis an obair réamhtheachtach sin le hullmhacht an Choimisiúin chun díospóidí dlíthiúla a shaothrú, i gcás inar gá.

[72] Chun achoimre mhionsonraithe a fháil, go háirithe, ar chásanna EDT a bhaineann leis an Aontas mar ghearánaí nó mar fhreagróir agus le cásanna faoi chomhaontuithe déthaobhacha an Aontais, féach ar an leagan is cothroime le dáta de *Overview of the EU's active dispute settlement cases* [Forbhreathnú ar chásanna gníomhacha an Aontais chun díospóidí a shocrú], a fhoilsítear ar shuíomh gréasáin Ard- Stiúrthóireacht na Trádála (https://ec.europa.eu/trade/policy/accessing-markets/dispute-settlement/ ).

## V.1 Réiteach díospóidí a úsáid

### A. Réiteach díospóidí EDT

***Fiú agus Comhlacht Achomhairc EDT fós blocáilte, lean gníomhaíocht an Aontais maidir le réiteach díospóidí EDT ar aghaidh…***

D'ainneoin an bac atá ar Bhuanchomhlacht Achomhairc ETD ó 2019, d'éirigh leis an Aontas líon méadaitheach na ndíospóidí EDT a thabhairt chun cinn le linn na tréimhse tuairiscithe, agus úsáid á baint as an gComhaontú maidir le hEadráin Eatramhach Achomhairc (**MPIA)**[73] mar aon leis na '**comhaontuithe eadrána achomhairc ad hoc'**[74] atá bunaithe ar shamhail MPIA. Ag deireadh mhí Aibreáin 2023, cumhdaíodh 53 as 164 de Chomhaltaí EDT le 26 rannpháirtí MPIA. Is é an tSeapáin an rannpháirtí is déanaí, agus í tagtha isteach i mí an Mhárta 2023. Eisíodh an chéad dámhachtain MPIA i mí na Nollag 2022 in DS591 (*An Cholóim – Sceallóga Reoite*).

Ó lár mhí Aibreáin 2023, bhí 110 ndíospóid tionscanta ag an Aontas as na 616 dhíospóid a tugadh os comhair EDT ó 1995. I measc na **ndíospóidí ionsaitheacha EDT a thug an tAontas chun cinn** le linn na tréimhse tuairiscithe, bhí na díospóidí seo a leanas[75]:

- SAM – ológa aibí (DS577) – Baineann an díospóid sin le dleachtanna frithchúitimh arna gcur i bhfeidhm ar allmhairí ológ aibí ón Spáinn a cuireadh i bhfeidhm in 2018 nuair a bhí an rialtas roimhe seo i gcumhacht sna Stáit Aontaithe, dleachtanna a measadh a bheith neamhdhleathach, agus tháinig an rialú chun bheith ina rialú ceangailteach i mí na Nollag 2021. Creideann an tAontas gur theip ar na Stáit Aontaithe torthaí an phainéil a chomhlíonadh faoin sprioc- am a comhaontaíodh go frithpháirteach, is é sin an 14 Eanáir 2023, go háirithe maidir leis an toradh pas- trí a bhí i gceist. Agus gan aon dul chun cinn déanta chun teacht ar réiteach a chomhaontófaí go frithpháirteach, d'iarr an tAontas an 28 Aibreán 2023 comhairliúchán leis na Stáit Aontaithe i gcomhthéacs imeachtaí comhlíontachta faoi Airteagal 21,5 den Chomhaontú um Réiteach Díospóidí. Toisc nárbh fhéidir an tsaincheist a réiteach le comhairliúcháin, d'iarr an tAontas an 14 Iúil 2023 go mbunódh an Comhlacht um Réiteach Díospóide painéal comhlíontachta chun rialú a

[73] Áirithítear leis an socrú sin, ar tugadh fógra do EDT ina leith i mí Aibreáin 2020, go leanann comhaltaí EDT a ghlacann páirt sa chomhshocrú, d'ainneoin pairilis a bheith i gceist le hobair an Bhuanchomhlachta Achomhairc, de bheith ag tairbhiú de bhreithiúnas ceangailteach, dhá leibhéal agus neamhspleách faoi rialacha EDT in aon díospóid eatarthu. Féadfaidh aon chomhalta EDT teacht isteach mar chomhalta in MPIA fad nach mbíonn an Comhlacht Achomhairc in ann feidhmiú go hiomlán.

[74] Más rud é go roghnaíonn comhalta EDT lena bhfuil díospóid EDT ag an Aontas gan páirt a ghlacadh in MPIA (mar ab amhlaidh, mar shampla, i gcás na Tuirce in dhá dhíospóid EDT), DS583 agus DS595, féach thíos).

[75] Chun achoimre mhionsonraithe a fháil, go háirithe, ar chásanna EDT a bhaineann leis an Aontas mar ghearánaí nó mar fhreagróir agus le cásanna faoi chomhaontuithe déthaobhacha an Aontais, féach ar an leagan is cothroime le dáta de *Overview of the EU's active dispute settlement cases* [Forbhreathnú ar chásanna gníomhacha an Aontais chun díospóidí a shocrú], a fhoilsítear ar shuíomh gréasáin Ard- Stiúrthóireacht na Trádála: Circabc (europa.eu)

dhéanamh maidir le cur chun feidhme thoradh an phas- trí i rialú mhí na Nollag 2021 ag na Stáit Aontaithe.

- An Tuirc – cógaisíocht (DS583) – Baineann an díospóid sin le hagóid an Aontais in aghaidh bhearta áirithe de chuid na Tuirce lena ndéantar difear do tháirgí cógaisíochta allmhairithe. Is i bhfabhar an Aontais a cinneadh na héilimh uile i dtuarascáil an phainéil an 28 Aibreán 2022. Rinne an Tuirc achomharc an 25 Aibreán 2022. Bhí na himeachtaí eadrána achomhairc de bhun Airteagal 25 den Chomhaontú um Réiteach Díospóidí bunaithe ar chomhaontú maidir le headráin achomhairc *ad hoc* idir an tAontas agus an Tuirc. I mí Iúil 2022, dheimhnigh eadránaithe an achomhairc rialú an phainéil a bheag nó a mhór, go háirithe nach mór don Tuirc deireadh a chur lena cleachtais idirdhealaitheacha (bearta logánúcháin agus tosaíochta) san earnáil chógaisíochta. Tar éis don tréimhse réasúnta a comhaontaíodh leis an Tuirc dul in éag an 25 Aibreán 2023, tá faireachán á dhéanamh ag an Aontas ar bhearta na Tuirce i dtreo na comhlíontachta anois.

- An Cholóim – sceallóga reoite (DS591). Bhain an díospóid sin le bearta frithdhumpála cinntitheacha a d'fhorchuir an Cholóim i mí na Samhna 2018 ar allmhairí sceallóga reoite ón mBeilge, ón nGearmáin agus ón Ísiltír. Tar éis tuarascáil i bhfabhar an Aontais ó Phainéal EDT, rinne an Cholóim achomharc faoin gComhshocrú maidir le hEadráin Eatramhach Achomhairc (MPIA). Is i bhfabhar an Aontais a bhí dámhachtain cheangailteach chríochnaitheach Eadránaithe an Achomhairc an 13 Nollaig 2022. An 14 Márta 2023, chomhaontaigh na páirtithe tréimhse réasúnta don Cholóim chun moltaí Dhámhachtain na nEadránaithe a chur chun feidhme, tréimhse a chuaigh in éag an 5 Samhain 2023.

- An Éigipt – clárú allmhairí (DS609). Baineann an díospóid sin le ceanglais maidir le clárú a d'fhorchuir an Éigipt ar 29 gcatagóir earraí lena n- áirítear táirgí talmhaíochta agus bia, cosmaidí, bréagáin, teicstílí, earraí éadaí, fearais tí, troscán agus tíleanna ceirmeacha. Is cosúil go bhfuil na ceanglais sin ar neamhréir le gealltanais na hÉigipte faoi Chomhaontuithe ETD um Tharaifí agus Thrádáil (GATT 1994), um Thalmhaíocht agus maidir le Nósanna Imeachta um Cheadúnú Allmhairí. An 26 Eanáir 2022, d'iarr an tAontas comhairliúchán EDT, ar thug an Éigipt gealltanas dá éis go dtabharfaí isteach an próiseas clárúcháin agus go gcuirfí feabhsuithe suntasacha air. Tá faireachán á dhéanamh ar thaobh an Aontais faoi láthair ar fheidhmiú an chórais chlárúcháin choigeartaithe chun a fhíorú cé acu a fhágfaidh nó nach bhfágfaidh sé go mbeifear in ann atosú ar shreabha trádála isteach san Éigipt agus tá na teagmhálaithe is gá á ndéanamh leis an Éigipt.

- An tSín – earraí agus seirbhísí (DS610). Baineann an díospóid sin le cleachtais trádála idirdhealaitheacha atá á gcur chun feidhme ag an tSín in aghaidh na Liotuáine ó mhí na Nollag 2021. Ar na bearta atá i gceist áirítear diúltuithe údaráis chustaim na Síne d'allmhairí ón Liotuáin, srianta allmhairiúcháin a dhéanann difear do chuideachtaí ilnáisiúnta a úsáideann ionchuir ón Liotuáin, agus gearradh ar onnmhairí ón tSín chuig

an Liotuáin. Measann an tAontas go bhfuil na bearta sin idirdhealaitheach agus neamhdhleathach faoi rialacha EDT. Cuir an tSín toirmisc allmhairiúcháin i bhfeidhm freisin ar alcól, mairteoil, déiríocht, lomáin agus móin arna loingsiú ón Liotuáin mar chuid den ghrúpa céanna beart, a líomhnaítear a bheith ar fhorais fíteashláintíochta. Déanann na bearta difear don trádáil laistigh den Aontas agus do shlabhraí soláthair laistigh den Aontas, agus tá tionchar acu ar fheidhmiú an mhargaidh inmheánaigh, trí iallach a chur ar an margadh coigeartuithe a dhéanamh. Rinne an tAontas iarracht arís agus arís eile chun dul i dteagmháil leis an tSín chun deireadh a chur leis na srianta ar onnmhairí na Liotuáine chuig an tSín agus chun gnáthshreabha trádála a athbhunú, ach níor tháinig aon cheo astu. Tar éis comhairliúcháin a reáchtáladh an 15 agus an 16 Márta 2022 idir na páirtithe, inar teipeadh teacht ar réiteach sásúil, d'iarr an tAontas painéal EDT an 7 Nollaig 2022, rud a bunaíodh an 27 Eanáir 2023. Tá próiseas chomhdhéanamh an phainéil ar siúl.

- An tSín – urghairí i gcoinne agra (DS611). Is éard atá i gceist go príomha leis an díospóid sin bearta na Síne lena ndéantar dochar do chosaint agus d'fhorfheidhmiú na gceart maoine intleachtúla. Ó mhí Lúnasa 2020, tá cinntí á n- eisiúint ag cúirteanna na Síne – cinntí dá ngairtear 'urghairí i gcoinne agra' – chun cosc a chur ar chuideachtaí de chuid an Aontais ag a bhfuil bunphaitinní caighdeáin a gcearta a fhorfheidhmiú mar ba cheart lasmuigh den tSín. Ina theannta sin, baineann cúirteanna na Síne úsáid as an mbagairt go mbeadh fíneálacha troma ann chun cuideachtaí Eorpacha a dhíspreagadh ó dhul chuig cúirteanna eachtracha. D'fhág sé sin go bhfuil cuideachtaí ardteicneolaíochta Eorpacha faoi mhíbhuntáiste suntasach agus a gcearta á bhforfheidhmiú acu. Tharla comhairliúchán idir an tAontas ag an tSín i mí Aibreáin 2022 ach teipeadh teacht ar réiteach a bhí sásúil go frithpháirteach. Bunaíodh painéal an 27 Eanáir 2023 agus socraíodh a chomhdhéanamh an 28 Márta 2023.

- An India – taraifí ar tháirgí TFC (DS582). Baineann an díospóid sin le taraifí a chuireann an India i bhfeidhm ar tháirgí teicneolaíochta faisnéise agus cumarsáide (TFC). Tá na taraifí á mbunú de réir a chéile ó 2014, cé go raibh gealltanas tugtha ag an India do chóras saor ó dhleacht leis an sceideal dá cuid a bhí faoi cheangal ETD mar aistriúchán ar a cuid gealltanas ITA-1. Scaipeadh tuarascáil an phainéil ar chomhaltaí uile ETD agus foilsíodh í an 17 Aibreán 2023. Sa tuarascáil sin, chinn an painéal gur sháraigh taraifí na hIndia, lena raibh suas le 20 % i gceist, na rialacha ba bhunúsaí de chuid ETD, i.e. gealltanais na hIndia maidir le taraifí, agus go bhfuil siad neamhdhleathach dá réir sin. Le tuarascáil an phainéil, seasadh le maímh uile an Aontais sa díospóid sin agus ba cheart don Chomhlacht um Réiteach Díospóide í a ghlacadh laistigh de 60 ó thráth a scaipthe ar chomhaltaí uile ETD.

- Toirmeasc onnmhairiúcháin na hIndinéise maidir le mian nicile (DS592). Baineann an díospóid sin le toirmeasc onnmhairiúcháin a d'fhorchuir an Indinéis ar mhian nicile agus le ceanglais maidir le próiseáil intíre a dhéanann difear do mhian nicile agus d'amhiarann. Rinne an tAontas agóid in aghaidh an bhirt os comhair ETD, agus é ag iarraidh go mbunófaí painéal i mí Eanáir 2021. An 30 Samhain 2022, chinn an painéal

gur sháraigh toirmeasc onnmhairiúcháin na hIndinéise agus a ceanglas maidir le próiseáil intíre ar mhian nicile rialacha ETD agus nach raibh aon cheann de na heisceachtaí atá ar fáil ina údar cuí leo, agus sheas le héilimh uile an Aontais. An 8 Nollaig 2022, rinne an Indinéis achomharc in aghaidh thuarascáil an phainéil ‘achomharc san fholús’, i.e. don Bhuanchomhlacht Achomhairc neamhoibríochtúil. Níor chomhaontaigh an Indinéis le haon socrú chun oibriú timpeall ar Bhuanchomhlacht Achomhairc feidhmiúil a bheith in easnamh chun a hachomharc a éisteacht, amhail teacht isteach in MPIA nó comhaontú eadrána achomhairc ad hoc a thabhairt i gcrích leis an Aontas de bhun Airteagal 25 den Chomhaontú um Réiteach Díospóidí, d’ainneoin for- rochtain mharthanach ar na leibhéil uile i gcaitheamh 2022. Tar éis thorthaí phainéal ETD agus achomharc na hIndinéise don Bhuanchomhlacht Achomhairc atá ina chomhlacht neamhoibríochtúil faoi láthair, rud atá ina bhac de facto ar réiteach ceangailteach críochnaitheach na díospóide, tá an Coimisiún ag cuimhneamh ar fhrithbhearta iomchuí agus comhréireacha a chur i bhfeidhm mar fhreagairt ar an sárú ag an Indinéis agus tá comhairliúchán poiblí seolta aige faoi úsáid fhéideartha an Rialacháin maidir le Forfheidhmiú chun cúnamh a thabhairt dó measúnú a dhéanamh ar riachtanas na mbeart beartais tráchtála féideartha agus ar pharaiméadair na mbeart beartais sin.

Le linn na tréimhse tuairiscithe freisin, **lean an tAontas de dhul chun cinn a dhéanamh maidir le díospóidí cosantacha ETD a thionscain páirtithe eile in aghaidh an Aontais**, lena n- áirítear na díospóidí seo a leanas:

- <u>An Tuirc – coimircí cruach (DS595)</u>. Baineann an díospóid sin le beart na coimirce cruach a d’fhorchuir an tAontas i mí Feabhra 2019. Le tuarascáil an phainéil an 29 Aibreán 2022, deimhníodh ionstraim na gcoimircí a bheith ar fáil mar fhreagairt ar an ngéarchéim dhomhanda chruach, ach cinneadh nach raibh údar cuí leormhaith le beart coimirce an Aontais maidir le trí phointe. Tar éis ghlacadh na tuarascála críochnaithí an 31 Bealtaine 2022, chomhaontaigh an tAontas agus an Tuirc tréimhse réasúnta maidir le comhlíonadh agus chuir an tAontas tuarascáil stádais faoi bhráid Chomhaltacht ETD an 16 Eanáir 2023 á cur ar an eolas gur ghá an beart a ghlacadh chun na moltaí agus na rialuithe sa díospóid sin a chomhlíonadh.

- <u>An Indinéis (DS593) – ola pailme agus an Mhalaeisia – ola pailme (DS600)</u>: Leis an dá dhíospóid, a tionscnaíodh ar leithligh, ag an Indinéis (mí na Nollag 2019) agus ag an Malaeisia (mí Eanáir 2021) faoi seach, ceistítear bearta áirithe a ghlac an tAontas agus Ballstáit áirithe i gcomhthéacs threoracha an Aontais maidir le Bithbhreoslaí, toisc go ndéanann na treoracha sin difear don ola pailme agus do bhithbhreoslaí ola pailme atá bunaithe ar bharra ó na tíortha sin. Maíonn an Mhalaeisia agus an Indinéis go bhfuil na bearta sin atá i gceist ar neamhréir le Comhaontuithe EDT maidir le Bacainní Teicniúla ar an Trádáil (TBT), Taraifí agus Trádáil (GATT) agus Fóirdheontais agus Bearta Frithchúitimh (SCM). Sa dá chás, bunaíodh painéil agus tá imeachtaí ar siúl.

- An Afraic Theas – torthaí citris (DS613). Baineann an díospóid sin le córas fíteashláintíoch an Aontais lena rialaítear allmhairí torthaí citris ón Afraic Theas. Maíonn an Afraic Theas gur cosúil go bhfuil bearta an Aontais ar neamhréir le Comhaontú SPS ETD agus le forálacha áirithe GATT 1994. An 22 Iúil 2022, d'iarr an Afraic Theas comhairliúchán leis an Aontas ag ETD. Tharla an comhairliúchán an 15 agus an 16 Meán Fómhair 2022 ach teipeadh réiteach sásúil a chur ar fáil. Tá an próiseas fós ar siúl.

**B. Réiteach díospóidí déthaobhach**

***Níor sheol an tAontas aon díospóid dhéthaobhach nua in 2022, ach lean d'fhaireachán a dhéanamh ar chomhlíontacht na gcomhpháirtithe trádála le tuarascálacha painéil saineolaithe agus le réitigh chaibidlithe...***

- **An Chóiré Theas – gealltanais maidir le saothar**. Rinne an Chóiré Theas tuilleadh dul chun cinn maidir le rialú phainéal na saineolaithe ó Eanáir 2021 a chur chun feidhme [76], ar rialú é a eisíodh i gcomhréir le caibidil 'Trádáil agus Forbairt Inbhuanaithe' den Chomhaontú Trádála idir an tAontas agus an Chóiré Theas. Tháinig trí bhunchaighdeán i bhfeidhm sa Chóiré Theas in 2022, go háirithe an caighdeán maidir le Saoirse Comhlachais agus Cosaint an Chirt Eagrúcháin (Uimh. 87), maidir leis an gCeart Eagrúcháin agus leis an gCómhargáil (Uimh. 98) agus maidir leis an Saothar Éigeantach (Uimh. 29). Chun tuilleadh sonraí a fháil, féach Roinn II.2, pointe C thuas.

- **Aontas Custaim Dheisceart na hAfraice (SACU) – bearta coimirce maidir leis an éineoil**. Rialaíodh an díospóid sin leis na forálacha maidir le díospóidí a réiteach den Chomhaontú Comhpháirtíochta Eacnamaíche déthaobhach idir an tAontas agus SADC (Comhphobal Forbraíochta Dheisceart na hAfraice). Baineann sé le beart coimirce a d'fhorchuir SACU (An Afraic Theas, an Bhotsuáin, an Namaib, Eswatini agus Leosóta) i mí Mheán Fómhair 2018 ar onnmhairí gearrthacha reoite circeola ar an gcnámh ón Aontas as ar eascair laghdú suntasach ar onnmhairí éineola de chuid an Aontais chuig SACU. Rialaigh an bord eadrána, ina thuarascáil chríochnaitheach an 4 Lúnasa 2022, i bhfabhar an Aontais agus chinn nach raibh an beart coimirce comhréireach agus go ndeachaigh sé thar an méid ba ghá chun aon díobháil ná suaitheadh tromchúiseach a leigheas nó a chosc. Thairis sin, bhí an mhoill idir an t- imscrúdú agus glacadh an bhirt choimirce iomarcach agus ní raibh sé i gcomhréir le EPA EU- SADC. Cé go ndeachaigh an beart coimirce in éag i mí an Mhárta 2022, leagtar fasach síos le tuarascáil an phainéil atá le leanúint ag SACU agus lenar coisceadh ar SACU síneadh a chur le ré na coimirce atá i gceist.

- **An Ailgéir – roinnt bearta sriantacha ar an trádáil.** An 24 Meitheamh 2020, thionscain an tAontas cás um réiteach díospóidí in aghaidh na hAilgéire faoin gComhaontú Comhlachais idir an tAontas agus an Ailgéir lena ndearnadh agóid in aghaidh chúig bheart (dleachtanna coimirce neamhdhleathacha, toirmeasc

[76] Eisíodh tuarascáil an phainéil an 20 Eanáir 2021 agus tá sí le fáil anseo: Circabc (europa.eu)

allmhairiúcháin ar ghluaisteáin, scéim um cheadúnú allmhairí, dleachtanna custaim ar 129 dtáirge agus srianta íocaíochta san earnáil iompair mhuirí). De thoradh iarrachtaí an Aontais chun réiteach caibidlithe a aimsiú le linn comhairliúcháin, tá deireadh curtha le trí cinn de na cúig bheart a ndearnadh agóid ina n- aghaidh (dleachtanna custaim, dleachtanna coimirce neamhdhleathacha, agus srianta íocaíochta). I mí na Nollag 2022, tharraing an Ailgéir siar na dleachtanna neamhdhleathacha ar allmhairí (DAPS) i gcás na dtáirgí uile a chumhdaítear leis an gComhaontú Comhlachais idir an tAontas agus an Ailgéir. Thairis sin, i mí na Samhna 2022 mhodhnaigh an Ailgéir an creat dlíthiúil a bhaineann le hallmhairí gluaisteán. Idir an dá linn, tá córas údarúcháin nua curtha i bhfeidhm ag an Ailgéir le haghaidh allmhairí, rud atá ceaptha mar thoirmeasc rollach ar allmhairí ag a bhfuil feidhm faoi láthair maidir le liosta de bheagnach leathmhilliún táirge, agus bacainní trádála earnála eile (e.g. ceanglais nua halal i gcás táirgí agraibhia) lena gcuirtear isteach ar shreabha trádála ar fud earnálacha. Glactar tuilleadh beart lena gcuirtear srian leis an trádáil agus leis an infheistíocht ar bhonn tráthrialta, rud a fhágann an timpeallacht gnó go háitiúil dothuartha agus neamh- thrédhearcach. Tá dlúthfhaireachán á dhéanamh ag an gCoimisiún ar an staid agus tá imní air fós faoi fhorbairtí maidir leis na bearta nua a tugadh isteach le linn 2022 agus na chéad choda de 2023.

- Ar deireadh, rinne cogadh foghach gan údar gan chúis na Rúise in aghaidh **na hÚcráine** dochar dá cumas chun rialú an bhoird eadrána a chomhlíonadh i ndíospóid dhéthaobhach faoina Chomhaontú Comhlachais leis an Aontas maidir le toirmeasc de chuid na hÚcráine ar onnmhairiú cineálacha áirithe adhmaid.

### V.2 Athnuachan na ndíormaí breithneoirí le haghaidh díospóidí faoi chomhaontuithe an Aontais

I mí na Nollag 2020, bhí glao poiblí ar iarratais ann i dtaca le hathnuachan an díorma eadránaithe agus dhíorma ar leithligh na saineolaithe trádála agus forbartha inbhuanaithe (TFI) le haghaidh painéal um réiteach díospóidí faoi chomhaontuithe trádála ina bhfuil an tAontas ina pháirtí. Mar chuid de phróiseas an ghlao, rinne painéal roghnúcháin de bhreithiúna agus d'acadóirí idirnáisiúnta ag a raibh taithí scrúdú ar na hiarrthóirí chun a n- oiriúnacht lena gceapadh a dheimhniú. Cuireadh na hiarrthóirí ar éirigh leo ar an eolas i mí na Bealtaine 2022 agus foilsíodh díormaí nua na n- iarrthóirí incháilithe i mí an Mheithimh 2022[77]. Tarraingeoidh an Coimisiún as na díormaí nua sin chun moltaí a dhéanamh maidir leis na headránaithe agus na saineolaithe TFI i gcásanna sonracha a cheapadh, nó maidir le liostaí réamh- chomhaontaithe (uainchláir) faoi na comhaontuithe déthaobhacha ábhartha le tríú tíortha. Is í an Chomhairle a dhéanfaidh an cinneadh críochnaitheach maidir leis na huainchláir sin. I gcomhréir leis an gCoimisiún a bheith ag cloí le *Equal Representation in Arbitration Pledge* [An Gealltanas um Ionadaíocht Chomhionann san Eadráin], féachfaidh an Coimisiún chuige go n- áiritheofar an chothromaíocht inscne a

[77]https://circabc.europa.eu/ui/group/7fc51410-46a1-4871-8979-20cce8df0896/library/3b8c3460-b8f5-4bd2-8e32-08b68cf4d834

mhéid a bhaineann le ceapadh na n- eadránaithe ar uainchláir nó i ndíospóidí sonracha agus spreagfaidh a chomhpháirtithe trádála chun an céanna a dhéanamh.